TÁ SIAD AR AON TUAIRIM maidir leis an Iarscríbhinn seo.

CUID A

TRÁDÁIL AGUS FORBAIRT INBHUANAITHE

A.1. Forálacha ginearálta

1. Athdhearbhaíonn na Páirtithe na gealltanais a glacadh faoi Chaibidil 18. Tá siad den tuairim go bhfuil cumas ar leith acu dea-shampla a thabhairt i gcomhtháthú na trádála agus na forbartha inbhuanaithe agus gur cheart é sin a shaothrú ar bhealach comhoibríoch.
2. Agus aitheantas á thabhairt do cheart gach Páirtí a bheartais agus a thosaíochtaí forbartha inbhuanaithe a chinneadh, ar beartais agus tosaíochtaí iad is ceart a bheith i gcomhréir le gealltanais gach Páirtí faoi na comhaontuithe idirnáisiúnta a bhfuil sé ina pháirtí iontu, féachfaidh gach Páirtí lena dhlíthe, lena rialacháin agus lena bheartais ábhartha a fheabhsú chun leibhéil arda éifeachtacha cosanta comhshaoil agus saothair a áirithiú, i gcomhréir le hAirteagal 18.2(2). Tá sé sin i gcomhréir leis an gcuspóir foriomlán a chuirtear in iúl in Airteagal 18.1 chun an Comhaontú seo a chur chun feidhme ar bhealach a rannchuidíonn leis an bhforbairt inbhuanaithe. Ina theannta sin, tugann na Páirtithe chun cuimhne a gcomhaontú in Airteagal 18.2(3) nár cheart do Pháirtí na leibhéil chosanta a thugtar ina dhlíthe agus ina rialacháin chomhshaoil nó ina rialacháin saothair a lagú d'fhonn trádáil nó infheistíocht a spreagadh. Tugann na Páirtithe chun cuimhne, faoi Airteagal 18.2(5), go gcomhaontaíonn siad nach mainneoidh Páirtí, trí ghníomhaíocht nó neamhghníomhaíocht leanúnach nó athfhillteach, a dhlíthe agus a rialacháin chomhshaoil nó a rialacháin saothair a fhorfheidhmiú go héifeachtach chun trádáil nó infheistíocht a spreagadh. I ndáil leis an méid sin, aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé na modhanna iomchuí atá ar fáil a sholáthar chun forfheidhmiú den sórt sin a dhéanamh. Thairis sin, de bhun Airteagal 18.2(6), ní chuirfidh Páirtí a dhlíthe agus a rialacháin chomhshaoil agus saothair i bhfeidhm ar bhealach arb é a bheadh ann srian faoi cheilt ar thrádáil nó idirdhealú gan údar nó ansmachtúil.

3. Tugann na Páirtithe chun cuimhne, de bhun Phrionsabal 11 de Dhearbhú Rio maidir leis an gComhshaol agus leis an bhForbairt a ghlac Comhdháil na Náisiún Aontaithe ar Chomhshaol agus Forbairt in 1992 (dá ngairtear ‘Dearbhú Rio 1992 maidir leis an gComhshaol agus leis an bhForbairt’ anseo feasta), gur cheart caighdeáin chomhshaoil, cuspóirí agus tosaíochtaí bainistíochta a bheith ina léiriú ar an gcomhthéacs comhshaoil agus forbartha a bhfuil feidhm acu maidir leis. Agus iad ag tabhairt chun cuimhne Airteagail 18.1(1) agus 18.1(5) den Chomhaontú seo, aithníonn na Páirtithe freisin na difríochtaí idir a leibhéil forbartha agus a n-imthosca náisiúnta, agus comhtháthú na forbartha inbhuanaithe i gcuidreamh trádála agus infheistíochta na bPáirtithe á saothrú acu ag an am céanna. Aithníonn siad go n-áirítear ar na difríochtaí sin dúshláin na dtíortha talamhiata atá i mbéal forbartha.

4. Aithníonn na Páirtithe nach mór bearta inbhuanaitheachta a dhéanann difear don trádáil a bheith go hiomlán comhsheasmhach lena n-oibleagáidí faoi Chomhaontuithe EDT. Tugann na Páirtithe chun cuimhne, i gcomhréir le Comhaontú BTT, gur cheart na nithe seo a leanas, *inter alia*, a bheith i gceist le bearta ar rialacháin theicniúla iad lena sriantar trádáil atá faoi réir an chomhaontaithe sin, (i) go bhfuil siad bunaithe ar fhaisnéis eolaíoch agus theicniúil; (ii) nach bhfuil siad níos sriantaí ó thaobh na trádála de ná mar is gá chun cuspóir dlisteanach a chomhlíonadh, agus na rioscaí a chruthódh neamhchomhlíonadh á gcur san áireamh; agus (iii) go mbeidh siad bunaithe ar chaighdeáin idirnáisiúnta ábhartha. Tugann na Páirtithe chun cuimhne freisin gur cheart na nithe seo a leanas a bheith i gceist le bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta atá faoi réir an Chomhaontaithe maidir le Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta a Chur i bhFeidhm, i gcomhréir leis an gcomhaontú sin, *inter alia*, (i) nach gcuirfear i bhfeidhm iad ach amháin a mhéid is gá chun beatha nó sláinte an duine, ainmhithe nó plandaí a chosaint; (ii) go mbeidh siad bunaithe ar phrionsabail eolaíocha; (iii) go mbeidh siad bunaithe ar chaighdeáin, treoirlínte nó moltaí idirnáisiúnta ábhartha, mura bhforáiltear a mhalairt sa Chomhaontú maidir le Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta a Chur i bhFeidhm; (iv) nach gcoinneofar ar bun iad gan fianaise eolaíoch leordhóthanach a bheith ann, mura bhforáiltear a mhalairt sa Chomhaontú maidir le Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta a Chur i bhFeidhm; agus (v) nach gcuirfear i bhfeidhm iad ar bhealach arb é a bheadh ann srian faoi cheilt ar thrádáil idirnáisiúnta.

5. De bhun Airteagal 22.6, cuireann na Páirtithe i dtábhacht an ról lárnach atá ag eagraíochtaí sochaí sibhialta i gcur chun feidhme éifeachtach an Chomhaontaithe seo, trí ghrúpaí comhairleacha baile a bhunú i gcomhréir le sásraí agus reachtaíocht intíre gach Páirtí, le rannpháirtíocht leathan gníomhaithe na sochaí sibhialta.

6. Tá na Páirtithe ar aon intinn go bhfuil gníomhaíochtaí faoi na ceannteidil seo a leanas i gceist leis an trádáil idirnáisiúnta a chur chun cinn ar bhealach a rannchuideoidh le cuspóir na forbartha inbhuanaithe, dá dtagraítear in Airteagal 18.1(3):
 - (a) córais iltaobhacha;

 - (b) caidreamh trádála agus infheistíochta dé-réigiúnach;

 - (c) beartais agus bearta náisiúnta agus réigiúnacha a bhaineann le trádáil; agus

 - (d) cumhachtú eacnamaíoch na mban.

7. Thairis sin, chun cur chun feidhme éifeachtach a ngealltanas faoi Chaibidil 18 den Chomhaontú seo agus faoin Iarscríbhinn seo a áirithiú, comhaontaíonn na Páirtithe, ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, go rachaidh siad i mbun tuilleadh plé agus cuirfidh siad sraith gníomhaíochtaí agus gníomhaíochtaí comhair i bhfeidhm.

A.2. Córais iltaobhacha: comhoibriú chun tacú le rialacha iltaobhacha le haghaidh forbairt inbhuanaithe

7. Measann na Páirtithe go gcuirtear ardán pribhléideach ar fáil leis an gComhaontú seo le haghaidh comhairliúcháin agus comhair maidir le gnéithe de chaighdeán agus cuspóirí iltaobhacha saothair agus comhshaoil a bhaineann le trádáil, dá dtagraítear in Airteagail 18.1(4)(a), 18.4(8), 18.5(5) agus 18.6(3), i gcomhréir le cur chuige comhoibritheach, dá dtagraítear in Airteagal 18.1(5), lena gcuirtear san áireamh go cuí réaltachtaí náisiúnta éagsúla, srianta geografacha, acmhainneachtaí, riachtanais agus leibhéal forbartha na bPáirtithe agus lena n-urramaítear beartais agus tosaíochtaí náisiúnta na bPáirtithe dá dtagraítear in Airteagal 18.1(4)(c).
8. An cuspóir, na spriocanna agus na prionsabail a chumhdaítear i gClár Oibre 21 maidir le Comhshaol agus le Forbairt, clár oibre a glacadh ag Comhdháil na Náisiún Aontaithe ar Chomhshaol agus Forbairt a tionóladh in Rio de Janeiro, an 3 go dtí an 14 Meitheamh 1992, agus Dearbhú Rio 1992 maidir leis an gComhshaol agus leis an bhForbairt, dá dtagraítear in Airteagal 18.1(2) den Chomhaontú seo, tugann na Páirtithe dá n-aire gur gá an cuspóir, na spriocanna agus na prionsabail a chur san áireamh go hiomlán. Ina theannta sin, athdhearbhaíonn na Páirtithe freisin an tosaíocht bhunúsach a bhaineann le slándáil bia a chosaint agus deireadh a chur leis an ocras, agus leochaileachtaí sonracha na gcóras táirgthe bia maidir le drochthionchair an athraithe aeráide, mar a léirítear i gComhaontú Pháras.
9. Tugann siad chun cuimhne, de bhun Phrionsabal 12 de Dhearbhú Rio 1992 maidir leis an gComhshaol agus leis an bhForbairt,

‘nár cheart bearta beartais trádála chun críoch comhshaoil a bheith ina modh idirdhealaithe ansmachtúil nó gan údar ná ina srian faoi cheilt ar thrádáil idirnáisiúnta. Gníomhaíochtaí aontaobhacha chun dul i ngleic le dúshlán chomhshaoil lasmuigh de dhlínse na tíre is allmhaireoir, ba cheart gníomhaíochtaí den chineál sin a sheachaint. Ba cheart bearta comhshaoil lena dtugtar aghaidh ar fhadhbanna comhshaoil trasteorann nó domhanda a bhunú, a mhéid is féidir, ar chomhdhearcaidh idirnáisiúnta’.

10. Tugann siad chun cuimhne freisin, de bhun Phrionsabal 2 de Dhearbhú Rio 1992 maidir leis an gComhshaol agus leis an bhForbairt, i gcomhréir le Cairt na Náisiún Aontaithe, arna síniú an 26 Meitheamh 1945, in San Francisco, ag tabhairt i gcrích Chomhdháil na Náisiún Aontaithe ar Eagrú Idirnáisiúnta agus prionsabail an dlí idirnáisiúnta, go bhfuil an ceart ceannasach ag Stáit a n-acmhainní féin a shaothrú de bhun a mbeartas comhshaoil agus forbartha féin, agus go bhfuil an fhreagracht orthu a áirithiú nach ndéanfaidh gníomhaíochtaí laistigh dá ndlínse nó faoina rialú dochar do chomhshaol Stát eile ná do chomhshaol limistéar lasmuigh de theorainneacha na dlínse náisiúnta.

11. I bhfianaise a bhfuil thuas, athdhearbhaíonn na Páirtithe a dtiomantas cúraimí a chur ar an bhFochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe, dá dtagraítear in Airteagal 18.14, (dá ngairtear ‘an Fochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe’ anseo feasta) chun, *inter alia*, cur chun feidhme éifeachtach Chaibidil 18 a éascú, a phlé agus faireachán a dhéanamh air agus féachaint le bacainní trádála a sheachaint i réimsí faoina shainordú, gan dochar do shásraí eile a bhunaítear faoin gComhaontú seo. Áirítear leis an gcomhairliúchán agus leis an gcomhar san Fhochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe malartú tuairimí maidir le cur chun feidhme na n-ionstraimí agus na bpróiseas gaolmhar a liostaítear thíos, ach gan a bheith teoranta dóibh, fad is atá na Páirtithe ina bpáirtithe iontu:
 - (a) Clár Oibre 2030 na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe;
 - (b) UNFCCC agus Comhaontú Pháras, a bhunaítear faoi;
 - (c) an Coinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht, a Phrótacail, agus Creat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal a glacadh faoin gCoinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht in Montréal an 19 Nollaig 2022 (dá ngairtear ‘an Creat Domhanda Bithéagsúlachta’ anseo feasta);
 - (d) Prótacal Montréal um Shubstaintí a Ídíonn an Ciseal Ózóin arna dhéanamh in Montréal an 16 Meán Fómhair 1987, agus Leasú Kigali a ghabhann leis arna dhéanamh in Kigali an 15 Deireadh Fómhair 2016;

- (e) Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe chun an Gaineamhlú a Chomhrac, arna dhéanamh i bPáras an 17 Meitheamh 1994;
- (f) Coinbhinsiún Basel maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíolacha Guaiseacha agus a nDiúscairt arna dhéanamh in Basel an 22 Márta 1989, Coinbhinsiún Rotterdam maidir leis an nós imeachta um thoilíú feasach a chur in iúl roimh ré le haghaidh ceimiceáin ghuaiseacha agus lotnaidicídí áirithe sa trádáil idirnáisiúnta arna dhéanamh in Rotterdam an 10 Meán Fómhair 1998, Coinbhinsiún Stócólm ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha arna dhéanamh i Stócólm an 22 Bealtaine 2001, agus Coinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair arna dhéanamh in Kumamoto an 10 Deireadh Fómhair 2013;
- (g) an Coinbhinsiún maidir le Caomhnú na Speiceas Imirceach Ainmhithe Fiáine arna dhéanamh in Bonn an 23 Meitheamh 1979;
- (h) an Coinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol (CITES);
- (i) Coinbhinsiún Ramsar maidir le Bogaigh a bhfuil Tábhacht Idirnáisiúnta leo go háirithe mar Ghnáthóg d'Éin Uisce arna dhéanamh in Ramsar an 2 Feabhra 1971;
- (j) Dearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach a ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 13 Meán Fómhair 2007; agus
- (k) Coinbhinsiúin agus Prótacail EIS.

12. I dtaca leis an gCoinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht, aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá na gnéithe seo a leanas chun tacú lena chur chun feidhme éifeachtach:

- (a) trí chuspóir an Choinbhinsiúin maidir leis an mBithéagsúlacht a chur chun feidhme - caomhnú na bithéagsúlachta, úsáid inbhuanaithe a comhpháirteanna agus comhroinnt chothrom agus chothromasach na dtairbhí a eascraíonn as úsáid acmhainní géiniteacha - ar bhealach cothrom;

- (b) cur chun feidhme an Chreata Dhomhanda Bithéagsúlachta;
 - (c) straitéisí agus pleananna gníomhaíochta náisiúnta bithéagsúlachta, lena n-áirítear spriocanna náisiúnta, a chur chun feidhme, a athbhreithniú nó a thabhairt cothrom le dáta, agus a chur in iúl, i gcomhréir le hAirteagal 6 den Choinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht; agus
 - (d) modhanna leordhóthanacha cur chun feidhme a chur ar fáil, lena n-áirítear acmhainní airgeadais, rochtain ar an teicneolaíocht agus aistriú teicneolaíochta, comhar teicniúil agus eolaíoch, malartú faisnéise agus dáileadh na dtairbhí ón mbith-theicneolaíocht, agus na dúshláin shonracha atá roimh Stáit Síithe MERCOSUR á n-aithint, i gcomhréir le forálacha an Choinbhinsiúin maidir leis an mBithéagsúlacht.
13. Agus tiomantas iomlán na bPáirtithe do UNFCCC agus do Chomhaontú Pháras a chur chun feidhme go héifeachtach á athdhearbhú acu, comhaontaíonn siad tabhairt faoi ghníomhaíochtaí agus iad a fheabhsú chun tacú lena gcuspóirí agus lena spriocanna, lena n-áirítear trí athbhreithnithe domhanda ar Chomhaontú Pháras a chur san áireamh, agus maolú, oiriúnú agus na modhanna cur chun feidhme agus tacaíochta á gcur san áireamh, agus i bhfianaise an chothromais agus na heolaíochta is fearr atá ar fáil. Tugann na Páirtithe chun cuimhne agus athdhearbhaíonn siad a ngealltanais uile faoin gcóras iltaobhach aeráide, lena n-áirítear an méid seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh:
- (a) maidir le rannchuidithe arna gcinneadh go náisiúnta (dá ngairtear RCNanna anseo feasta) agus maolú: RCNanna leanúnacha a ullmhú, a chur in iúl agus a choinneáil ar bun agus bearta maolaithe intíre a shaothrú, d'fhonn cuspóirí na rannchuidithe sin a bhaint amach; go léireofar le RCNanna leanúnacha dul chun cinn le himeacht ama agus an uaillmhian is airde is féidir, lena léireofar cothromas agus prionsabal na gcomhfhreagrachtaí atá difreáilte agus na cumais faoi seach, i bhfianaise imthosca náisiúnta éagsúla;

- (b) maidir le hoiriúnú: páirt a ghlacadh i bpróisis pleanála oiriúnaithe agus cur chun feidhme gníomhaíochtaí, lena n-áirítear pleananna, beartais nó rannchuidithe ábhartha a fhorbairt nó a fheabhsú; agus
- (c) maidir le sreafaí airgeadais agus modhanna cur chun feidhme: gníomhaíocht a dhéanamh arb é is aidhm di sreafaí airgeadais a thabhairt i gcomhréir leis an gconair i dtreo leibhéal íseal astaíochtaí gás ceaptha teasa agus forbairt atá athléimneach ó thaobh na haeráide de; tacaíocht a chur ar fáil do pháirtithe ar tíortha atá i mbéal forbartha iad i gComhaontú Pháras chun gníomhaíocht ar son na haeráide a chur chun feidhme, lena n-áirítear acmhainní airgeadais, aistriú teicneolaíochta agus fothú acmhainneachta, i gcomhréir le hAirteagail 9, 10 agus 11 de Chomhaontú Pháras, agus é á aithint, trí thacaíocht fheabhsaithe a thabhairt do pháirtithe ar tíortha atá i mbéal forbartha iad i gComhaontú Pháras, go mbeifear in ann níos mó uailmhéine a bheith acu ina gcuid gníomhaíochtaí.
14. Comhaontaíonn na Páirtithe go n-oibreoidh siad i gcomhar le chéile go gníomhach, sa chaibidlíocht laistigh den chóras agus ina chur chun feidhme araon, chun gníomhaíocht chomhpháirteach ar son na haeráide a chothú.
15. Athdhearbhaíonn gach Páirtí a ghealltanais idirnáisiúnta ábhartha agus cuirfidh sé bearta chun feidhme, i gcomhréir lena dhlíthe agus lena rialacháin inmheánacha féin, chun tuilleadh dífhoraíochta a chosc agus chun feabhas a chur ar iarrachtaí chun cumhdach foraoise a chobhsú nó a mhéadú ó 2030 ar aghaidh. Sa chomhthéacs sin, níor cheart do na Páirtithe na leibhéil chosanta a thugtar ina ndlí comhshaoil a lagú.
16. Aithníonn na Páirtithe freisin nach mór a chur san áireamh ina mbeartais na dúshlán shóisialta agus eacnamaíochta atá roimh thíortha i mbéal forbartha agus an méid a rannchuidíonn na tíortha sin leis an tslándáil dhomhanda bia.
17. Leagann na Páirtithe béim freisin ar an ngá atá le tacaíocht agus infheistíocht fheabhsaithe chun na cuspóirí sin a bhaint amach, lena n-áirítear trí acmhainní airgeadais, aistriú teicneolaíochta, fothú acmhainneachta, agus sásraí eile dá bhforáiltear sa Chomhaontú seo.

18. Cuirfidh na Páirtithe dlús leis na hiarrachtaí an sciar den fhuinneamh in-athnuaite atá sa mheascán fuinnimh domhanda a mhéadú go suntasach agus feabhas a chur ar an gcomhar chun rochtain ar thaighde agus teicneolaíocht fuinnimh ghlain a éascú, lena n-áirítear fuinneamh in-athnuaite, éifeachtúlacht fuinnimh agus ardteicneolaíocht breosla iontaise atá níos glaine, agus infheistíocht i mbonneagar fuinnimh agus i dteicneolaíocht fuinnimh ghlain a chur chun cinn.
19. Comhaontaíonn na Páirtithe freisin an Fochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe a úsáid chun dul i gcomhar le chéile agus faisnéis a mhalartú maidir le cur chun feidhme Chomhaontú EDT maidir le Fóirdheontais Iascaigh, a glacadh ag an 12ú Comhdháil Aireachta de chuid EDT an 17 Meitheamh 2022, a luaithe a thiocfaidh sé i bhfeidhm.
20. Cé go n-aithníonn na Páirtithe an spás pribhléideach le haghaidh comhairliúcháin agus comhair arna soláthar ag an bhFochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe, cuireann siad i bhfios go láidir nach modhnaítear leis an gComhaontú seo ar bhealach ar bith nádúr ná raon feidhme na ngeallta arna nglacadh faoi na comhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha dá dtagraítear i gCaibidil 18 den Chomhaontú seo chomh maith leis na sásraí cur chun feidhme a comhaontaíodh faoi na comhaontuithe sin. Le dearadh agus feidhmiú na gcomhaontuithe sin, go háirithe nádúr na ngealltanais arna nglacadh iontu chomh maith le sásraí comhlíontachta na gcomhaontuithe sin, nuair is ann dóibh, léirítear cothromaíochtaí a baineadh amach faoi chuimsiú na gcomhaontuithe sin nach n-athraítear ná nach gcuirtear coinníoll leo ar bhealach ar bith leis na tagairtí do na gealltanais sin sa Chomhaontú seo.

A.3. Caidreamh trádála agus infheistíochta dé-réigiúnach: tairbhe a bhaint as acmhainneacht an
Chomhaontaithe seo
chun fíorforbairt inbhuanaithe a spreagadh a oibríonn do chách

21. Tuigeann na Páirtithe, le comhtháthú na forbartha inbhuanaithe i gcaidreamh trádála agus infheistíochta na bPáirtithe dá dtagraítear in Airteagal 18.1(1), nach mór tairbhí eacnamaíochta inláimhsithe a sholáthar, i measc nithe eile, do tháirgeoirí earraí agus do sholáthraithe seirbhísí a chuimsíonn an inbhuanaitheacht ina ngníomhaíochtaí, go háirithe na daoine is leochailí, lena n-áirítear mná, feirmeoirí beaga, agus pobail dhúchasacha agus áitiúla.

22. Is féidir na tairbhí dá dtagraítear i mír 21 a bhaint amach, i measc nithe eile, trí thionscnaimh lena spreagtar trádáil i dtáirgí a fhaightear nó a tháirgtear go hinbhuanaithe agus i gcomhréir le dlí na bPáirtithe, agus trí thionscadail lena gcothaítear slabhraí soláthair idir-réigiúnacha chun rannchuidiú dearfach na trádála le conair i dtreo astaíochtaí gás ceaptha teasa ísle agus forbairt atá athléimneach ó thaobh na haeráide de a chur chun cinn agus chun cur leis an gcumas oiriúnú d'éifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide ar bhealach nach gcuireann tairgeadh bia i mbaol, dá dtagraítear in Airteagal 18.6(2)(b).
23. Tá na Páirtithe tiomanta do chearta saothair a chosaint agus aithníonn siad ról EIS mar phríomheagraíocht iltaobhach sa réimse sin.
24. Agus iad ag tabhairt chun cuimhne Airteagal 18.4(4) den Chomhaontú seo, déanfaidh gach Páirtí iarrachtaí leanúnacha marthanacha chun Coinbhinsiúin bhunúsacha EIS, Prótacail bhunúsacha agus Coinbhinsiúin EIS ábhartha eile nach bhfuil sé ina pháirtí iontu go fóill agus atá aicmithe ag EIS mar choinbhinsiúin atá cothrom le dáta a dhaingniú, agus urraim á tabhairt do cheart ceannasach Páirtí dul i mbun oibleagáidí idirnáisiúnta breise. I gcomhréir le hAirteagal 18.4(3) den Chomhaontú seo, déanfaidh gach Páirtí na bunchaighdeáin oibre a aithnítear go hidirnáisiúnta, mar a shainmhínítear i gCoinbhinsiúin bhunúsacha EIS, a urramú, a chur chun cinn agus a chur chun feidhme go héifeachtach.
25. Agus na gealltanais sin á gcur chun feidhme, tá sé beartaithe ag na Páirtithe díriú go sonrach ar dheireadh a chur le saothar leanaí agus ar shaoirse comhlachais agus ar aitheantas éifeachtach a thabhairt don cheart chun cómhargála. Tuigeann na Páirtithe gurb é atá i gceist leis an ngealltanas maidir le cur chun feidhme éifeachtach go nglacfaidh gach Páirtí dlíthe agus rialacháin ábhartha, agus go bhfeidhmeoidh siad a dhlínse agus a rialú trí chóras a bhunú chun comhlíonadh cheanglais na mbunchaighdeán oibre a aithnítear go hidirnáisiúnta a áirithiú, mar a shainmhínítear i gCoinbhinsiúin bhunúsacha EIS.

26. Thairis sin, i gcomhréir leis an ngealltanais obair chuibhiúil a chur chun cinn in Airteagal 18.4(8) den Chomhaontú seo agus i nDearbhú EIS maidir le Ceartas Sóisialta le haghaidh an Domhandaithe Chóir, leagann na Páirtithe béim ar phrionsabal an idirphlé shóisialta, ar treoirphrionsabal de chuid EIS é, agus tuigeann siad gur cheart Coinbhinsiúin bhunúsacha EIS agus Coinbhinsiúin EIS ábhartha eile a dhaingniú ar bhealach atá comhsheasmhach leis an bprionsabal sin.

An Comhaontú seo a chur in oiriúint do tháirgeoirí earraí inbhuanaithe

27. Agus aitheantas á thabhairt don ról ríthábhachtach atá ag na milliúin áitritheoirí i réigiúin atá i bhfad ó lárionaid uirbeacha, amhail foraoisí, féarthailte nádúrtha, bogaigh agus éiceachórais nádúrtha eile chun forbairt inbhuanaithe a bhaint amach, oibreoidh na Páirtithe i gcomhar chun deiseanna méadaithe rochtana ar an margadh a chur ar fáil le haghaidh táirgí a fhaightear go hinbhuanaithe agus i gcomhréir le dlí gach Páirtí, ó fheirmeoirí beaga, comharchumainn, pobail dhúchasacha agus áitiúla agus chun sásraí a fhorbairt chun tacú leis na pobail sin foinsí inbhuanaithe ioncaim a fháil agus a choinneáil ar bun, agus cearta comhchoiteanna talún na bpobal dúchasach agus áitiúil á n-urramú, i gcomhréir leis an dlí agus le gealltanais idirnáisiúnta ábhartha gach Páirtí.
28. Comhaontaíonn na Páirtithe bearta sonracha agus tionscnaimh shonracha a phlé chun an sprioc sin a bhaint amach faoi chuimsiú an Fhochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe nó comhlacht eile arna bhunú faoin gComhaontú seo, de réir mar is iomchuí. I measc nithe eile, áirítear ar na bearta agus na tionscnaimh sin deiseanna rochtana ar an margadh a shainaithint ar deiseanna iad a bhfuil gá leo chun onnmhairiú táirgí a fhaightear nó a tháirgtear go hinbhuanaithe a spreagadh, agus bearta agus tionscnaimh chun trádáil idir na Páirtithe a bhrostú agus a éascú.

Slabhraí luacha idir-réigiúnacha inbhuanaithe a chur chun cinn le haghaidh an aistrithe fuinnimh

29. De bhun Airteagal 18.6(2)(b), féachfaidh na Páirtithe le leas a bhaint as an acmhainneacht shuntasach atá ann le haghaidh comhpháirtíochtaí idir-réigiúnacha i dtionscadail aistrithe fuinnimh, i bhfianaise go bhfuil a lán comhlántachtaí ag baint leis na tionscadail sin maidir leis na hionchuir, an saineolas agus na teicneolaíochtaí is gá chun réitigh a fhorbairt i réimsí amhail an tsoghluasteacht inbhuanaithe agus réimsí eile arna sainaithint ag na Páirtithe.

30. Sa chiall sin, aithníonn na Páirtithe go bhfuil tógáil slabhraí luacha idir-réigiúnacha atá freagrach, inbhuanaithe, trédhearcach, gan bhac agus athléimneach ar cheann de na príomhghnéithe atá ag teastáil chun na cuspóirí a bhaineann le haistriú fuinnimh atá cothrom agus cóir a bhaint amach a rannchuidíonn le forbairt shóisialta, eacnamaíoch agus chomhshaoil an dá réigiún. Trí rannpháirtíocht éifeachtach chothrom sna slabhraí sin, is fearr a bheidh an dá réigiún in ann a n-iomaíochas sa mhargadh domhanda a chaomhnú, ardleibhéal fostaíochta a choinneáil ar bun trí phoist ardcháilíochta a chruthú, a n-acmhainneacht tháirgiúil agus nuálaíochta a threisiú, an bonn tionsclaíoch atá ann cheana a fheabhsú agus tacú lena gclaochlú.
31. D'fhonn poist a chruthú agus sineirgí a chothú idir na leibhéil forbartha teicneolaíche agus na hacmhainní nádúrtha atá in MERCOSUR agus san Aontas Eorpach, oibreoidh na Páirtithe i gcomhar chun tionscnaimh a dhearadh lena gcuirfear borradh faoi shlabhraí luacha idir-réigiúnacha inbhuanaithe athléimneacha. Ba cheart na slabhraí luacha sin a bheith fabhrach d'infheistíocht agus d'fhorbairt thionsclaíoch i dtíortha táirgthe amhábar, d'fhonn an breisluach a mhéadú go háitiúil agus cruthú post a chur chun cinn. I measc nithe eile, tabharfaidh na Páirtithe tús áite do bhreithniú a dhéanamh ar fhorbairt chomhphárteach margaí agus slabhraí luacha idir-réigiúnacha inbhuanaithe in earnálacha straitéiseacha i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin ábhartha gach Páirtí; féadfar na nithe seo a leanas a áireamh ar na hearnálacha sin:
- (a) mianadóireacht, tairbhiú agus claochlú freagrach miotal agus mianraí atá rithábhachtach don aistriú fuinnimh;
 - (b) foinsí fuinnimh a bhfuil ról rithábhachtach acu san aistriú fuinnimh, lena n-áirítear gás nádúrtha leachtaithe agus fuinneamh in-athnuaite; tá sé sin ábhartha go háirithe do ghiniúint leictreachais in-athnuaite agus astaíochtaí ísle agus do na hearnálacha tionsclaíocha sin ina bhfuil sé dúshlánach astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú;
 - (c) soghluaisteacht inbhuanaithe agus slabhraí luacha gaolmhara, lena n-áirítear ceallraí ian litiam, athchúrsáil ceallraí chomh maith le bonneagar athluchtaithe, leictrea-shoghluaisteacht agus táirgeadh tionsclaíoch gluaisteán leictreach;

- (d) bithbhreoslaí inbhuanaithe, lena n-áirítear eatánól agus bithdhíosal, breosla eitlíochta inbhuanaithe agus breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch;
 - (e) hidrigin agus a díorthaigh, chun rannchuidiú go mór leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe.
32. Chun na spriocanna a leagtar amach i mír 31 a bhaint amach, comhaontaíonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé ionstraimí beartais a chur chun feidhme chun dlús a chur le forbairt cumas, go háirithe i dtíortha i mbéal forbartha, chun a chur ar a gcumas a bheith rannpháirteach go héifeachtach i slabhraí luacha atá dírithe ar thionscail mhonaraíochta straitéiseacha le haghaidh an aistriú fuinnimh, lena n-éilítear infheistíochtaí móra, teicneolaíocht úrscothach agus lucht saothair speisialaithe, chomh maith le beartais shonracha atá ceaptha chun cuimsiú na mban a chur chun cinn. Sa chiall sin, agus na neamhshiméadrachtaí idir an dá réigiún á gcur san áireamh, agus gan dochar do chearta an Aontais, féadfaidh Stáit Sínithe MERCOSUR bearta cur chun cinn a ghlacadh atá dírithe ar thionscail straitéiseacha mhonaraíochta a fhorbairt agus a fhás le haghaidh aistriú inbhuanaithe, i gcomhréir le Clár Oibre 2030 agus lena Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. Beidh na bearta sin comhsheasmhach leis an gcomhaontú seo agus le Comhaontuithe EDT.
33. Ina theannta sin, oibreoidh na Páirtithe i gcomhar maidir leis na hearnálacha thuasluaite, lena n-áirítear sna gnéithe seo a leanas:
- (a) infheistíochtaí lena gcothaítear breisluach áitiúil i slabhraí táirgthe i dtíortha táirgthe amhábhbar a éascú agus a chur chun cinn;
 - (b) tacaíocht theicniúil agus tacaíocht eile a sholáthar do thionscadail a rannchuidíonn le slabhraí luacha idir-réigiúnacha a chruthú, teicneolaíocht agus eolas a fhorbairt, lena gcumasaítear forbairt cumas i Stáit Sínithe MERCOSUR.

34. Ar deireadh, geallann na Páirtithe go n-oibreoidh siad i gcomhar chun slabhraí luacha idir-réigiúnacha a chothú i réimsí a chuireann go hindíreach leis an aistriú fuinnimh, amhail táirgeadh earraí agus seirbhísí le haghaidh cúram sláinte, forbairt an gheilleagair dhigitigh, lena n-áirítear seirbhísí eolasbhunaithe, chomh maith le táirgeadh inbhuanaithe bia.

A.4. Beartais agus bearta náisiúnta nó réigiúnacha a bhaineann le trádáil:
a aithint go bhfuil cineálacha éagsúla cur chuige éifeachtaigh ann chun forbairt inbhuanaithe a bhaint amach

35. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a ngealltanais féin arna nglacadh faoin gComhaontú seo agus na córais idirnáisiúnta ábhartha a luaitear i gCaibidil 18 a bhaineann le caomhnú, cosaint agus bainistiú inbhuanaithe foraoisí agus éiceachóras talún eile, agus le húsáid inbhuanaithe talún i gcomhréir lena ndlíthe agus lena rialacháin féin. Athdhearbhaíonn siad freisin a dtiomantas trádáil i dtáirgí ó fhoraoisí a bhainistítear go hinbhuanaithe a spreagadh, ar táirgí iad a lománaíodh i gcomhréir le dlí thír na lománaíochta, chun lománaíocht neamhdhleathach agus trádáil ghaolmhar a chomhrac.
36. Thairis sin, aithníonn na Páirtithe ról an eolais thraidisiúnta agus dhúchasaigh chomh maith le ról na ngníomhaithe áitiúla mar phríomhphearsana maidir le húsáid inbhuanaithe talún agus foraoisí agus bithéagsúlacht a chosaint, a chaomhnú agus a úsáid ar bhealach inbhuanaithe. Tugann na Páirtithe chun cuimhne a thábhachtaí atá sé tacú le pobail dhúchasacha agus áitiúla foraoisí a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe agus aithníonn siad nach mór dúshláin agus cearta sóisialta agus eacnamaíocha na bpobal áitiúil a chur san áireamh i mbeartais atá dírithe ar shrian a chur leis an dífhoraoisiú i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin gach Páirtí agus lena ghealltanais idirnáisiúnta ábhartha.
37. Tá rún daingean ag na Páirtithe na hiarrachtaí chun deireadh a chur le bagairtí aindleathacha ar an dúlra agus ar an gcomhshaol a athdhearbhú agus dlús a chur leis na hiarrachtaí sin, lena n-áirítear lománaíocht neamhdhleathach agus dóiteáin neamhdhleathacha agus trádáil aindleathach ar fhiadhúlra, mianadóireacht neamhdhleathach agus gníomhaíochtaí díobhálacha eile amhail iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN) agus gáinneáil neamhdhleathach dramhaíola a chuireann an comhshaol i mbaol.

38. Tugann na Páirtithe dá n-aire a thábhachtaí atá sé caomhnú, athbhunú, úsáid inbhuanaithe agus bainistiú gach cineáil éiceachórais a neartú agus feabhas a chur ar na tairbhí sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil a bhaineann leis an mbithéagsúlacht do dhaoine, go háirithe dóibh siúd atá i staideanna leochaileacha agus dóibh siúd is mó atá ag brath ar an mbithéagsúlacht, lena n-áirítear trí ghníomhaíochtaí, táirgí agus seirbhísí inbhuanaithe atá bunaithe ar an mbithéagsúlacht lena bhfeabhsaítear an bhithéagsúlacht. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun patrúin inbhuanaithe tomhaltais agus táirgthe a chur chun cinn, chun tionchair dhiúltacha ar an mbithéagsúlacht a laghdú de réir a chéile agus chun tionchair dhearfacha a mhéadú. Cuireann siad in iúl freisin go bhfuil rún daingean acu bearta éifeachtacha a dhéanamh chun comhroinnt chothrom agus chothromasach na sochar a eascraíonn as úsáid acmhainní géiniteacha agus as faisnéis faoi sheichimh dhigiteacha maidir le hacmhainní géiniteacha a áirithiú, i gcomhréir le gealltanais idirnáisiúnta gach Páirtí.
39. Chun leas a bhaint as acmhainneacht na trádála ar mhaithe le héiceachórais, laistigh d'aon bhliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, bunóidh na Páirtithe liosta táirgí ó Stáit Sínthe MERCOSUR a rannchuidíonn le caomhnú, athchóiriú, úsáid inbhuanaithe agus bainistiú foraoisí agus éiceachóras leochaileach. Táirgí ar an liosta sin, a ndéanfar athbhreithniú tréimhsiúil orthu gach 3 bliana, ba cheart don Aontas rochtain fhabhrach nó bhreise ar an margadh, nó dreasachtaí eile chun a dtrádáil a chur chun cinn, amhail cúnamh teicniúil nó fothú acmhainneachta, a dheonú do na táirgí sin.
40. Ina theannta sin, ba cheart do na Páirtithe gníomhaíochtaí agus bearta a chur i bhfeidhm chun feabhas a chur ar thrádáil earraí a rannchuidíonn le dálaí sóisialta feabhsaithe agus cleachtas atá fóna ó thaobh an chomhshaoil de, amhail earraí agus seirbhísí a rannchuidíonn le geilleagar ísealcharbóin atá tíosach ar acmhainní, nó earraí atá faoi réir scéimeanna agus sásraí dearbhaithe inbhuanaitheachta. Na gníomhaíochtaí sin, a ndéanfaidh na Páirtithe athbhreithniú tréimhsiúil orthu gach 3 bliana, féadfar a áireamh orthu bearta chun rochtain ar an margadh a fheabhsú, cúnamh teicniúil, fothú acmhainneachta agus éascú trádála, de réir mar is iomchuí.
41. Le tiomantas na bPáirtithe do chomhar feabhsaithe agus do thuiscint ar a mbeartais agus ar a mbearta saothair agus comhshaoil féin a bhaineann le trádáil, dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 18.1(4), tugtar le tuiscint, i measc nithe eile, go n-aithnítear go bhféadfadh beartais, bearta agus réitigh chun dul i ngleic le dúshlán na forbartha inbhuanaithe a bheith

éagsúil ar fud na dtíortha agus na réigiún.

A.5. An trádáil agus cumhachtú eacnamaíoch na mban

42. Aithníonn na Páirtithe go rannchuidíonn beartais trádála chuimsitheacha le cumhachtú eacnamaíoch na mban a chur chun cinn. Aithníonn na Páirtithe go gcuireann mná go mór leis an bhfás eacnamaíoch trína rannpháirtíocht i gníomhaíochtaí eacnamaíocha, lena n-áirítear trádáil idirnáisiúnta. Dá réir sin, tá sé beartaithe ag na Páirtithe forálacha an Chomhaontaithe seo a chur chun feidhme ar bhealach lena gcuirtear comhionannas deiseanna agus cóir chomhionann chun cinn do mhná agus d'fhir agus lena gcuimsítear an dearcadh sin i mbeartais trádála agus infheistíochta.
43. Féachfaidh gach Páirtí lena áirithiú go ndéantar foráil lena dhlíthe agus lena bheartais maidir le cearta, cóir agus deiseanna comhionanna do mhná agus d'fhir, agus iad a chur chun cinn. Féachfaidh gach Páirtí leis na dlíthe agus na beartais sin a fheabhsú, gan dochar do cheart gach Páirtí a raon feidhme agus a leibhéil chosanta féin a bhunú le haghaidh deiseanna comhionanna do mhná agus d'fhir. Beidh na dlíthe agus na beartais sin i gcomhréir le gealltanais gach Páirtí maidir le comhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha, lena n-áirítear an Coinbhinsiún maidir le gach cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú, arna ghlacadh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 18 Nollaig 1979, a chuirfidh gach Páirtí i bhfeidhm go héifeachtach.
44. Admhaíonn na Páirtithe go bhféadfadh tionchar difreálach a bheith ag athruithe ar shreafaí trádála ar dheiseanna fostaíochta agus rannpháirtíocht na bhfear agus na mban, ar a n-ioncam agus ar a bhfolláine. Agus Dearbhú Céad Bliain EIS maidir le Todhchaí na hOibre, a glacadh sa Ghinéiv an 21 Meitheamh 2019, á chur san áireamh, aithníonn na Páirtithe freisin a thábhachtaí atá sé freagrachtaí a chomhroinnt go cothrom i measc baill teaghlaigh agus infheistíocht a dhéanamh sa gheilleagar cúraim chun go mbainfidh mná leas as deiseanna eacnamaíocha agus gníomhaíochtaí fiontraíochta a bhaineann le trádáil, go háirithe mná i staideanna leochaileacha.

45. Tá sé ar intinn ag na Páirtithe oibriú le chéile chun a gcomhar a neartú maidir le gnéithe trádála d'ábhair a chumhdaítear leis an roinn seo. Leis na gníomhaíochtaí, is e an aidhm a bheith ann comhair feabhas a chur ar acmhainneacht agus ar dhálaí d'oibrithe ban, le haghaidh mná gnó agus fiontraíthe, lena n-áirítear rochtain na mban ar rannpháirtíocht, ar cheannaireacht agus ar oideachas i réimsí ina bhfuil siad faoi ghannionadaíocht, chomh maith le hiarrachtaí a dhéanamh tacú le beartais earnála lena gcumasaítear mná a chur isteach in earnálacha dinimiciúla agus in earnálacha táirgiúlachta níos airde, lena n-áirítear trí shreafaí infheistíochta díri coigríche a chur chun cinn lena leathnaítear deiseanna fostaíochta le haghaidh mná i margadh an tsaothair, go háirithe sna hearnálacha sin ina bhfuil ceannas ag fir. Féadfar a chumhdach leis an gcomhar sin, i measc nithe eile, malartú faisnéise agus deachleachtas a bhaineann le bailiú sonraí lena féidir beartais trádála a shainiú, a dhearadh, a chur chun feidhme agus a athbhreithniú, ar beartais iad atá dírithe ar dheireadh a chur le bacainní a bhíonn roimh mhná sa trádáil idirnáisiúnta.

CUID B

COMHAR

B.1. Rannchuidiú le neamhionannais a laghdú laistigh de thíortha agus i measc tíortha

46. Geallann na Páirtithe go n-oibreoidh siad i gcomhar lena chéile chun a ráthú go rannchuideoidh bunú limistéar saorthrádála MERCOSUR-AE de réir a chéile ní hamháin leis an ioncam agus an rathúnas foriomlán a mhéadú, ach le neamhionannais a laghdú freisin, i gcomhréir le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 10. San am céanna, agus aistriú chuig geilleagair astaíochtaí ísle atá athléimneach ó thaobh na haeráide de á chur chun cinn, tugann na Páirtithe chun cuimhne a ngealltanais féin oibriú i dtreo aistriú cóir agus na cistí is gá a sholáthar agus a shlógadh chun na críche sin.

B.2. Cuspóirí Chaibidil 18 maidir le trádáil agus forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn

47. Chun cuspóirí Chaibidil 18 den Chomhaontú seo a bhaint amach, leagann na Páirtithe béim ar an tábhacht a bhaineann le comhar idir-réigiúnach, lena n-áirítear comhar sna réimsí seo a leanas:

- (a) gealltanais iltaobhacha a chur chun feidhme i réimsí an athraithe aeráide, na bithéagsúlachta agus an chomhshaoil, agus caighdeán saothair EIS;
- (b) tacaíocht do ról na bpobal dúchasach agus áitiúil i gcur chun cinn na forbartha inbhuanaithe;
- (c) inrianaitheacht i slabhraí luacha a fheabhsú;
- (d) leas a bhaint as acmhainneacht bithgheilleagair inbhuanaithe chuimsithigh, lena n-áirítear táirgí agus seirbhísí atá bunaithe ar an mbithéagsúlacht agus a chuireann leis an mbithéagsúlacht;
- (e) critéir agus modheolaíochtaí trédhearcacha, inchomparáide, intomhaiste, cuimsitheacha, eolaíochtbhunaithe agus comhthéacs-shonracha a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar inbhuanaitheacht an bhithgheilleagair ar fud na slabhraí luacha;
- (f) bithbhreoslaí inbhuanaithe, lena n-áirítear eatánól agus bithdhíosal, breosla eitlíochta inbhuanaithe agus breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch; agus
- (g) trádáil earraí agus seirbhísí a tháirgtear go hinbhuanaithe a tháirgeadh agus a éascú, lena n-áirítear earraí ísealcharbóin.

48. Cuireann na Páirtithe in iúl go dtacaíonn siad le maoiniú a mhéadú ó thíortha forbartha go tíortha i mbéal forbartha, agus ó fhoinsí eile, chun gach éiceachóras a chosaint, a chaomhnú, a úsáid go hinbhuanaithe agus a athchóiriú, de réir imthosca agus beartais intíre. Aithníonn siad freisin a thábhachtaí atá tacaíocht agus modhanna iomchuí an Aontais do Stáit Sínithe MERCOSUR chun tacú le beartais náisiúnta agus le gealltanais idirnáisiúnta maidir le maolú ar an athrú aeráide, oiriúnú, agus a chomhthairbhí, a chuspóirí caillteanais agus damáiste agus aghaidh a thabhairt ar chailliúint na bithéagsúlachta, ar chaomhnú agus ar athbhunú foraoisí, i gcomhréir leis na dlíthe agus na rialacháin chomh maith leis na gealltanais idirnáisiúnta is infheidhme ó gach Stát Sínithe MERCOSUR. Aithníonn siad freisin a thábhachtaí atá sé an tacaíocht theicniúil agus airgeadais is gá a chur ar fáil agus a shlógadh chun feabhas a chur ar acmhainneacht oiriúnaitheach agus athléimneacht an táirgthe bia agus chun leochaileacht feirmeoirí agus grúpaí leochaileacha eile a laghdú, go háirithe feirmeoirí beaga, mná agus an óige, i ndáil leis an athrú aeráide.
49. Agus iad ag tabhairt chun cuimhne cuspóir Chaibidil 18 comhtháthú na forbartha inbhuanaithe i gcaidreamh trádála agus infheistíochta na bPáirtithe a fheabhsú, geallann na Páirtithe go dtacóidh siad leis an athbhreithniú ar na hionstraimí maoiniúcháin atá ann cheana, go n-áiritheoidh siad maoiniú leordhóthanach le haghaidh caomhnú foraoise, athfhoraoisiú, athbhunú agus laghdú an dífhoraoisithe, agus tiontú féarthailte nádúrtha, agus go n-oibreoidh siad le chéile chun a áirithiú go maoiníofar na hionstraimí sin go hiomchuí ó fhoinsí intíre agus idirnáisiúnta, i gcás inarb infheidhme, i gcomhréir le dlí gach Páirtí. Ina theannta sin, tacaíonn na Páirtithe le slógadh acmhainní a mhéadú, lena n-áirítear trí íocaíochtaí bunaithe ar thorthaí agus cineálacha eile cur chuige beartais, amhail íocaíocht as éicisheirbhísí.

50. Cuireann na Páirtithe i dtábhacht nach amháin gur cheart baint a bheith ag an earnáil phoiblí leis an gcomhar sin, ach gur cheart gnólachtaí, an saol acadúil agus an tsochaí shibhialta a bheith rannpháirteach ann freisin, i gcomhréir lena róil féin maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe a chur chun cinn.

B.3. Beartha inbhuanaitheachta a dhéanann difear don trádáil

51. Agus a ngealltanais faoi Chomhaontuithe EDT á dtabhairt chun cuimhne acu, comhaontaíonn na Páirtithe cur chuige comhoibritheach a bheith acu chun aghaidh a thabhairt ar na dúshlán a bhaineann le comhlíonadh na gceanglas maidir le beartha inbhuanaitheachta Páirtí a dhéanann difear don trádáil, agus na leibhéil éagsúla forbartha, acmhainneachtaí, tosaíochtaí agus imthosca náisiúnta agus reachtaíocht náisiúnta á gcur san áireamh, chomh maith leis na dúshlán shonracha a bhaineann le tíortha talamhiata i mbéal forbartha. I measc na ndúshlán thuasluaite, aithníonn na Páirtithe gur gá cur chun feidhme gníomhaíochtaí a éascú chun tacú le comhlíonadh beart inbhuanaitheachta Páirtí a dhéanann difear don trádáil, ionas gur féidir le honnmhairí tairbhe iomlán a bhaint as na deiseanna rochtana ar an margadh dá bhforáiltear leis an gComhaontú seo. Luann siad freisin an Prótacal maidir le Comhar, atá i gceangal leis an gComhaontú Comhpháirtíochta, mar uirlis chun an cuspóir sin a bhaint amach agus comhaontaíonn siad gur cheart soláthar acmhainní airgeadais, cláir fothaithe acmhainneachta, cúnamh teicniúil agus tionscnaimh chomhpháirteacha eile chun slabhraí soláthair inbhuanaithe a chur chun cinn a áireamh sa tacaíocht do Stáit Sínthe MERCOSUR.

52. Tugann na Páirtithe chun cuimhne forálacha Chaibidil 5, go háirithe Airteagal 5.5. Féachfaidh na Páirtithe le bearta a shainathint agus a ghlacadh agus tionscnaimh a chur chun feidhme chun trádáil eatarthu i dtáirgí ábhartha a bhrostú agus a éascú, de réir mar is iomchuí, amhail comhaontuithe maidir le haitheantas frithpháirteach nó comhaontuithe coibhéise agus eolas agus tuiscint fhrithpháirteach ar chleachtais agus scéimeanna atá ann cheana a mhéadú.
53. Agus bearta inbhuanaitheachta a dhéanann difear don trádáil á gcur chun feidhme, i gcomhréir lena dhlí féin, tabharfaidh Páirtí lánaird ar fhaisnéis eolaíoch nó theicniúil arna cur isteach ag an bPáirtí eile agus ba cheart dó na gníomhaíochtaí a rinne an Páirtí sin chun na gealltanais faoin Iarscríbhinn seo a chur chun feidhme a chur san áireamh.
54. I gcás ina ndéantar foráil le dlí Páirtí maidir le fíorú go gcomhlíonann táirge allmhairithe dlí ábhartha Páirtí eile, aithníonn na Páirtithe gurb iad údaráis Pháirtí is fearr atá in ann measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh dhlí an Pháirtí sin. Dá bhrí sin, nuair a dhéanann Páirtí measúnú ar chomhlíonadh dlí Páirtí eile, úsáidfidh an chéad Pháirtí an fhaisnéis arna soláthar ag an bPáirtí sin.
55. Maidir le cur chun feidhme beart inbhuanaitheachta a dhéanann difear do thrádáil agus do chur ar an margadh a bhaineann le héiceachórais choillteacha a chosaint, agus i gcás ina gceadaítear amhlaidh le dlí an Aontais:
- (a) aithníonn an tAontas go ndéanfar an Comhaontú seo agus gníomhaíochtaí a dhéantar chun gealltanais faoi a chur chun feidhme a mheas go fabhrach, i measc critéir eile, in aicmiú riosca tíortha;
 - (b) úsáidfidh na húdaráis ábhartha san Aontas doiciméadacht, ceadúnais, faisnéis agus sonraí ó scéimeanna deimhniúcháin agus ó chórais inrianaitheachta agus faireacháin arna n-aithint, arna glárú nó arna sainathint go hoifigiúil ag Stáit Sínthe MERCOSUR mar fhoinsé chun a fhíorú go gcomhlíonann táirgí a chumhdaítear leis na bearta sin ceanglais inrianaitheachta a chuirtear ar mhargadh an Aontais;

- (c) i gcás ina mbeidh éagsúlacht ann idir an doiciméadacht, na ceadúnais, an fhaisnéis agus na sonraí ó scéimeanna deimhniúcháin agus na córais inrianaitheachta agus faireacháin arna n-aithint, arna gclárú nó arna sainaitheint go hoifigiúil ag Stáit Sínthe MERCOSUR, agus an fhaisnéis atá á húsáid ag na húdaráis ábhartha san Aontas, déanfaidh na húdaráis sin, arna iarraidh sin dóibh, faisnéis agus soiléirithe arna soláthar ag Stáit Sínthe MERCOSUR a mheas go pras; agus
- (d) agus é á aithint aige, i gcomhthéacs a n-oibleagáidí díchill chuí, go bhféadfaidh oibreoirí agus trádálaithe an Aontais úsáid a bhaint as scéimeanna inrianaitheachta, scéimeanna deimhniúcháin nó scéimeanna fíoraithe tríú páirtí eile, soláthróidh an tAontas, arna iarraidh sin d'údarais ábhartha Stáit Sínthe MERCOSUR, tacaíocht le haghaidh measúnuithe trédhearcacha neamhspleácha ar scéimeanna inrianaitheachta, scéimeanna deimhniúcháin nó scéimeanna fíoraithe tríú páirtí agus ar a n-ailíniú le ceanglais agus le dea-chleachtais.

56. Ní thuigfear ná ní léireofar aon ní faoin roinn seo mar mhaolú, modhnú nó ionchorprú sainmhínte nua maidir le héiceachórais choillteacha a chosaint faoi dhlí Páirtí.

CUID C

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

57. Is cuid dhílis de Chaibidil 18 í an Iarscríbhinn seo.
58. I gcomhréir le hAirteagal 1.5(1), beidh an tAontas freagrach as na gealltanais san Iarscríbhinn seo a chomhlíonadh.

59. I gcomhréir le hAirteagal 1.5(2), ach amháin i gcás ina bhforáiltear a mhalairt san Iarscríbhinn seo, beidh gach ceann de Stáit Sínithe MERCOSUR freagrach as na gealltanais san Iarscríbhinn seo a chomhlíonadh.
60. I gcomhréir le hAirteagal 18.15(4), is mar a leagtar amach in Airteagal 21.3 a bheidh na páirtithe i ndíospóid faoi Chaibidil 18 maidir le haon ábhar a thagann chun cinn faoin Iarscríbhinn seo.
61. I gcomhréir le hAirteagal 18.15(5), ní rachaidh aon Pháirtí ar iontaoibh réiteach díospóidí faoi Chaibidil 21 maidir le haon ábhar a thagann chun cinn faoin Iarscríbhinn seo.
62. Glacadh agus cur chun feidhme na bhforálacha faoin Iarscríbhinn seo, ní fhorléireofar an méid sin mar admháil go bhfuil ceanglais mhargaidh Páirtí comhsheasmhach le rialacha agus prionsabail EDT, agus tá siad gan dochar do chearta Páirtí faoi Chomhaontuithe EDT.

RIALACHA NÓS IMEACHTA UM EADRÁIN

I. COSTAIS

1. Áireofar sa luach saothair a íocfar leis na headránaithe an luach saothair agus na speansais uile atá dlite dá gcúntóirí. Tiocfaidh an Coiste um Thrádáil ar chomhaontú i leith rialacha maidir le luach saothair agus speansais eadránaithe ag a chéad chruinniú. Mura bhfuil rialacha den sórt sin bunaithe ag an gCoiste um Thrádáil, cinnfear luach saothair agus speansais eadránaithe i gcomhréir le cleachtas EDT.

II. FÓGRAÍ

2. Seachadfaidh na páirtithe agus an painéal eadrána aon iarraidh, fógra, aighneacht i scríbhinn nó doiciméad eile trí ríomhphost nó trí mhodh leictreonach eile lena soláthraítear taifead gur seoladh an iarraidh sin. Mura gcruthófar a mhalairt, measfar gur seachadadh agus go bhfuarthas an fógra ar dháta a sheolta. Soláthrófar cóip de na doiciméid freisin tríd an bpost nó trí mhodhanna eile arna gcomhaontú ag na páirtithe, lena n-áirítear fógra maidir le dáta a seolta.
3. Seolfar aon iarraidh, fógra, aighneacht i scríbhinn nó doiciméad eile mar a leanas:
 - (a) ón bpainéal eadrána chuig an dá pháirtí an tráth céanna;
 - (b) ó pháirtí chuig an bpainéal eadrána, agus an páirtí eile i gcóip;

- (c) ó pháirtí chuig an bpáirtí eile, agus an painéal eile i gcóip, mar is iomchuí; nó
 - (d) ó chomhchathaoirleach an Choiste um Thrádáil go dtí na headránaithe de bhun Riail 10(c), agus an comhchathaoirleach eile agus na páirtithe i gcóip.
4. Seolfar gach fógra chuig uachtaránacht *pro tempore* MERCOSUR, más páirtí é MERCOSUR, nó chuig an gcomhordaitheoir náisiúnta ábhartha más páirtí é Stát Sínithe MERCOSUR, agus chuig Ard-Stiúrthóireacht Choimisiún Eorpach an Aontais Eorpaigh um an Trádáil, faoi seach. Má tá ionadaithe na bpáirtithe ceaptha cheana féin, seolfar gach fógra chucu freisin.
 5. Mionearráidí de chineál cléireachais in aon iarraidh, fógra, aighneacht i scríbhinn nó doiciméad eile a bhaineann le himeachtaí an phainéil eadrána, féadfar iad a cheartú trí dhoiciméad nua a sheachadadh, ar doiciméad é ina léireofar na hathruithe go soiléir.
 6. Déanfar na doiciméid a chuirfidh páirtí isteach a shíniú go cuí chun go measfar iad a bheith curtha faoi bhráid an phainéil eadrána go hoifigiúil.
 7. Más rud é gur lá nach lá oibre ag institiúidí an Aontais nó ag Stát Sínithe MERCOSUR é an lá deireanach chun doiciméad a sheachadadh, mar is infheidhme, tiocfaidh deireadh le tréimhse seachadta an doiciméid ar an gcéad lá oibre ina dhiaidh sin.
 8. Beidh cathaoirleach an phainéil eadrána freagrach as cumarsáid inmheánach agus sheachtrach an phainéil eadrána, lena n-áirítear fógraí idir na páirtithe agus an painéal eadrána.

9. Beidh cathaoirleach an phainéil eadrána freagrach as comhad na n-imeachtaí a choinneáil. Soláthróidh an cathaoirleach d'aon cheann de na páirtithe, arna iarraidh sin dó, cóip de chomhad na n-imeachtaí tar éis an dámhachtain eadrána nó an rialú eadrána a eisiúint. Coinneoidh an cathaoirleach an comhad bunaidh ar feadh 5 (cúig) bliana tar éis dháta eisiúna na dámhachtana eadrána nó an rialaithe eadrána. Ag deireadh na tréimhse sin, tarchuirfidh an cathaoirleach an comhad bunaidh chuig an bpáirtí is déantóir gearáin. Cuirfidh an páirtí is déantóir gearáin cóip den chomhad ar fáil don pháirtí is cosantóir arna iarraidh sin dó.

III. TÚS NA hEADRÁNA

10. Maidir le headránaí a roghnú, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:
- (a) Más rud é, de bhun Airteagal 21.9 nó Rial 26 agus Rialacha 28 go 31, go bhfuil aon chomhalta den phainéal eadrána le roghnú trí chrannchur, tabharfar cuireadh d'ionadaithe ón dá pháirtí, agus fógra iomchuí acu, a bheith i láthair nuair a bheidh crannchur á tharraingt. In aon chás, déanfar an crannchur le haon pháirtí a bheidh i láthair ag an am. Comhchathaoirleach Choiste um Thrádáil an pháirtí is déantóir gearáin, déanfaidh sé dáta, am agus ionad an chrannchuir a chur in iúl go pras do chomhchathaoirleach an pháirtí is cosantóir.
 - (b) Mura mbunófar aon cheann de na foliostaí dá dtagraítear i mír 21.8(3), Comhchathaoirleach Choiste um Thrádáil an pháirtí is déantóir gearáin, déanfaidh sé an t-eadránaí a roghnú trí chrannchur, tráth nach déanaí ná 5 (cúig) lá tar éis dháta seachadta na hiarrata dá dtagraítear in Airteagal 21.8(5), as measc na ndaoine nádúrtha sin a mhol Páirtí amháin nó an dá Pháirtí go foirmiúil chun an foliosta áirithe sin a bhunú.
 - (c) Comhchathaoirleach Choiste um Thrádáil an pháirtí is déantóir gearáin, tabharfaidh sé fógra do na headránaithe faoina gceapachán.

- (d) Eadránaí a ceapadh i gcomhréir leis an nós imeachta a bhunaítear in Airteagal 21.9, deimhneoidh sé i scríbhinn go bhfuil sé ar fáil chun feidhmiú mar chomhalta den phainéal eadrána do chomhchathaoirligh an Choiste um Thrádáil tráth nach déanaí ná 5 (cúig) lá tar éis an dáta a fhaightear an fógra faoina cheapachán. San fhógra lena ndeimhnítear go bhfuil sé ar fáil, dearbhóidh an t-eadránaí go sainráite freisin go gcomhlíonann sé na forálacha a leagtar amach in Iarscríbhinn 21-B agus go ngeallann sé na forálacha sin a chomhlíonadh.
- (e) Mura mbeidh a mhalairt comhaontaithe acu, tiocfaidh na páirtithe agus an painéal eadrána le chéile tráth nach déanaí ná 7 (seacht) lá ó chur ar bun an phainéil chun a shocrú cé na ceistanna a mheasann na páirtithe nó an painéal eadrána a bheith iomchuí. Féadfaidh comhaltaí an phainéil eadrána agus ionadaithe na bpáirtithe a bheith rannpháirteach sa chruinniú sin ar an teileafón nó i bhfíschomhdháil. Roimh an gcruinniú sin, tabharfaidh na páirtithe fógra don phainéal eadrána faoina n-ionadaithe ceaptha, mar aon leis an seoladh, na huimhreacha teileafóin agus na seoltaí ríomhphoist chuig a seolfar teachtaireachtaí a thiocfaidh chun cinn le linn na n-imeachtaí.

11. Maidir le téarmaí tagartha an phainéil eadrána, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

- (a) Mura gcomhaontóidh na páirtithe a mhalairt tráth nach déanaí ná 5 lá tar éis dháta roghnaithe na n-eadránaithe, is iad seo a leanas téarmaí tagartha an phainéil eadrána:

‘scrúdú a dhéanamh, i bhfianaise na bhforálacha arna lua ag na páirtithe, ar an ábhar dá dtagraítear san iarraidh ar bhunú an phainéil eadrána, rialú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht an bhirt atá i gceist leis na forálacha cumhdaithe nó cé acu a dhéanann nó nach ndéanann an beart atá i gceist aon sochar a fhabhraíonn chuig an bpáirtí is déantóir gearáin faoi na forálacha faoi chumhdach a neamhniú nó a lagú go substaintiúil ar bhealach a dhéanann dochar do thrádáil idir na páirtithe, de réir mar a bheidh, agus dámhachtain eadrána a eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 21.14.’

- (b) Tabharfaidh na páirtithe fógra don phainéal eadrána faoi na téarmaí tagartha comhaontaithe tráth nach déanaí ná 3 (trí) lá tar éis a gcomhaontaithe.

IV. AIGHNEACHTAÍ TOSAIGH

12. Cuirfidh an páirtí is déantóir gearáin a aighneacht i scríbhinn isteach tráth nach déanaí ná 30 (tríocha) lá ar a dhéanaí tar éis dháta bunaithe an phainéil eadrána. Cuirfidh an páirtí is cosantóir a fhrithaighneacht i scríbhinn isteach tráth nach déanaí ná 30 (tríocha) lá ar a dhéanaí tar éis an dáta a gheofar an aighneacht tosaigh i scríbhinn.
13. Luafar go soiléir san aighneacht tosaigh éileamh an pháirtí, lena n-áirítear sainathint na mbeart atá i gceist, bunús dlí an ghearáin agus achoimre ar na fíorais agus na himthosca ábhartha.
14. Luafar sa fhrithaighneacht fíricí agus argóintí an pháirtí is cosantóir ar a bhfuil a chosaint bunaithe.

V. FIANAISE

15. Áireofar san aighneacht tosaigh agus sa fhrithaighneacht aon fhianaise thacaíochta atá ar fáil, lena n-áirítear aon tuairim shaineolach nó theicniúil. Ar shlí eile, cuirfidh gach páirtí an fhianaise fhíorasach uile faoi bhráid an phainéil eadrána a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná 5 (cúig) lá roimh dháta na chéad éisteachta, ach amháin maidir leis an bhfianaise is gá chun críoch frisnéisí, freagraí ar cheisteanna nó tuairimí ar fhreagraí a chuir an páirtí eile ar fáil. Féadfaidh an painéal eadrána eisceachtaí ar an Riail seo a dheonú, ach údar cuí a bheith leis an méid sin. Sna cásanna sin, tabharfar an deis don pháirtí eile barúil a thabhairt ar an bhfianaise nua a cuireadh isteach.
16. Sna cásanna uile, tabharfar an deis do gach páirtí barúil a thabhairt ar an bhfianaise a chuir an páirtí eile isteach.

17. Coinneofar an fhianaise ar fad a chuirfidh páirtí isteach i gcomhaid na n-imeachtaí.
18. Ní fhéadfaidh an painéal eadrána éisteacht le finnétithe nó saineolaithe ach amháin i láthair an dá pháirtí.

VI. OIBRIÚ PAINÉAL EADRÁNA

19. Is é cathaoirleach an phainéil eadrána a bheidh i gceannas ar na cruinnithe ar fad. Féadfaidh painéal eadrána an t-údarás chun cinntí riaracháin agus nós imeachta a dhéanamh a tharmligean chuig an gcathaoirleach. Cuirfear na cinntí sin in iúl do na headránaithe eile agus, más iomchuí, do na páirtithe.
20. Féadfaidh an painéal eadrána a ghníomhaíochtaí a dhéanamh trí mhodh ar bith, lena n-áirítear tríd an teileafón, facs, naisc ríomhaireachta nó físchomhdháil.
21. Is iad na headránaithe amháin a fhéadfaidh páirt a ghlacadh i bpléití an phainéil eadrána, ach féadfaidh an painéal eadrána cead a thabhairt do chúntóirí na n-eadránaithe freastal ar na pléití sin.
22. Maidir le dréachtú aon rialú, is freagracht eisiach an phainéil eadrána agus an phainéil amháin i gcónaí a bheidh sé sin agus ní dhéanfar é a tharmligean.
23. I gcás ina dtiocfadh ceist nós imeachta aníos nach gcumhdaítear le forálacha Chaibidil 21 ná leis an Iarscríbhinn seo, féadfaidh an painéal eadrána, tar éis dul i gcomhairle leis na páirtithe, nós imeachta iomchuí a ghlacadh atá ag teacht leis na forálacha sin.
24. Má mheasann an painéal eadrána gur gá aon teorainn ama is infheidhme sna himeachtaí a mhodhnú nó aon choigeartú nós imeachta nó riaracháin eile a dhéanamh, cuirfidh sé na páirtithe ar an eolas i scríbhinn faoi na cúiseanna atá leis an athrú nó leis an gcoigeartú agus faoin tréimhse ama nó faoin gcoigeartú is gá. Féadfaidh an painéal eadrána athrú nó coigeartú den sórt sin a ghlacadh tar éis dul i gcomhairle leis na páirtithe. Ní dhéanfar teorainneacha ama Airteagal 21.14 4 a mhodhnú.

VII. LEASÚ AR LIOSTA NA nEADRÁNAITHE

25. Féadfar liosta na n-eadránaithe a leasú tráth ar bith ar thionscnamh aon Pháirtí. Is féidir le haon Pháirtí daoine aonair nua a chur i láthair trí fhógra a thabhairt don Pháirtí eile faoi na hainmneacha atá beartaithe. Pléifidh na Páirtithe an togra tráth nach déanaí ná 1 (aon) mhí amháin tar éis fógra na n-ainmneacha beartaithe a fháil. Déanfaidh an Coiste um Thrádáil an cinneadh an liosta a leasú tráth nach déanaí ná 6 (sé) mhí tar éis an fhógra sin.

VIII. IONADÚ AR EADRÁNAITHE

26. Mura bhfuil eadránaí in ann páirt a ghlacadh sna himeachtaí, má tharraingíonn sé siar nó más gá eadránaí eile a chur ina ionad, roghnófar eadránaí eile i gcomhréir le hAirteagal 21.9 agus Riail 10 den Iarscríbhinn seo.
27. Má mheasann páirtí nach gcomhlíonann eadránaí ceanglais an Chóid Iompair mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 21-B agus gur cheart, ar an gcúis sin, duine eile a chur ina ionad, ba cheart don pháirtí sin fógra a thabhairt don pháirtí eile tráth nach déanaí ná 15 lá (cúig lá dhéag) tar éis an dáta a fuair sé fianaise ar na himthosca is cúis le sárú ábhartha an eadránaí ar an gCód Iompair mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 21-B.
28. Má mheasann páirtí sa díospóid nach gcomhlíonann eadránaí seachas an cathaoirleach ceanglais an Chóid Iompair mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 21-B, rachaidh na páirtithe i gcomhairle leis an eadránaí agus, má chomhaontaíonn siad amhlaidh, glacfaidh siad ionad an eadránaí agus roghnóidh siad ionadaí de réir an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 21.9 agus Riail 10 den Iarscríbhinn seo. Mura n-éireoidh leis na páirtithe teacht ar chomhaontú gur gá eadránaí a ionadú laistigh de 5 (cúig) lá ó dháta an fhógra dá dtagraítear i Riail 27, féadfaidh aon cheann de na páirtithe a iarraidh go ndéanfar an t-ábhar sin a chur faoi bhráid chathaoirleach an phainéil eadrána, agus is cinneadh críochnaitheach a bheidh sa chinneadh a dhéanann sé.

29. I gcás inar gá eadránaí seachas an cathaoirleach a ionadú, agus mura roghnaíonn an páirtí lena mbaineann an t-ionadaí ar eadránaí, roghnóidh an cathaoirleach eadránaí nua trí chrannchur ón bhfoliosta céanna leis an eadránaí atá le hionadú i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 21.9(4). Roghnófar an t-eadránaí nua tráth nach déanaí ná 5 (cúig) lá tar éis an dáta a chuirfear an iarraidh faoi bhráid an chathaoirligh.
30. Má mheasann páirtí nach gcomhlíonann an cathaoirleach ceanglais an Chóid Iompair mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 21-B agus gur cheart, ar an gcúis sin, duine eile a chur ina ionad, ba cheart don pháirtí sin fógra a thabhairt don pháirtí eile tráth nach déanaí ná 15 lá (cúig lá dhéag) tar éis an dáta a fuair sé fianaise ar na himthosca is cúis le sárú ábhartha an eadránaí ar an gCód Iompair mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 21-B. Rachaidh na páirtithe i gcomhairle le chéile agus, má chomhaontaíonn siad amhlaidh, déanfar an cathaoirleach a ionadú agus roghnófar ionadaí de réir an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 21.9 agus Riall 10 den Iarscríbhinn seo.
31. Mura n-éiríonn leis na páirtithe teacht ar chomhaontú gur gá an cathaoirleach a ionadú laistigh de 5 (cúig) lá ón dáta a fhaightear an fógra dá dtagraítear i Riall 30, déanfaidh comhchathaoirleach Choiste um Thrádáil an pháirtí is iarrthóir nó ó ainmní an chomhchathaoirligh sin ón bhfoliosta dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 21.8(3) cathaoirleach nua a roghnú trí chrannchur, mura gcomhaontóidh na páirtithe a mhalairt. Roghnófar an cathaoirleach nua tráth nach déanaí ná 5 (cúig) lá tar éis dháta seachadta na hiarrata ar chomhchathaoirleach Choiste um Thrádáil an pháirtí is iarrthóir chuige sin.
32. Cuirfear na himeachtaí eadrána ar fionraí ar feadh na tréimhse a thógfar chun na nósanna imeachta dá bhforáiltear i Rialacha 27, 28, 29, 30 agus 31 a chur i gcrích.

IX. ÉISTEACHTAÍ

33. Beidh an páirtí is cosantóir i gceannas ar riarachán lóistíochta na n-éisteachtaí um réiteach díospóidí, mura gcomhaontaítear a mhalairt. Socróidh cathaoirleach an phainéil eadrána dáta agus am na héisteachta i gcomhairle leis na páirtithe agus le comhaltaí eile an phainéil eadrána, agus deimhneoidh sé é sin i scríbhinn do na páirtithe. An páirtí a bheidh i gceannas ar riarachán lóistíochta na héisteachta, cuirfidh sé an fhaisnéis sin ar fáil go poiblí, ach amháin i gcás nach mbeidh cead isteach ag an bpobal go dtí an éisteacht. Mura n-easaontaíonn páirtí, féadfaidh an painéal eadrána cinneadh a dhéanamh gan éisteacht a thionól.
34. Mura gcomhaontóidh na páirtithe a mhalairt, tionólfar an éisteacht sna háiteanna seo a leanas:
- (a) más é an tAontas Eorpach an páirtí is cosantóir, tionólfar sa Bhruiséil, sa Bheilg, í;
 - (b) más é MERCOSUR an páirtí is cosantóir, tionólfar in Asunción, i bParagua, í; agus
 - (c) más é 1 (aon) Stát Sínithe MERCOSUR nó níos mó an páirtí is cosantóir, tionólfar san áit a léiríonn na Stáit sin í.
35. Féadfaidh an painéal eadrána éisteachtaí breise a thionól má chomhaontaíonn na páirtithe amhlaidh.
36. Beidh na headránaithe uile i láthair le linn na héisteachta ina hiomláine.
37. Féadfaidh na daoine seo a leanas freastal ar an éisteacht, is cuma cé acu atá nó nach bhfuil na himeachtaí ar oscailt don phobal:
- (a) ionadaithe na bpáirtithe;
 - (b) comhairleoirí de chuid na bpáirtithe;

(c) foireann riaracháin, ateangairí, aistritheoirí; agus

(d) cúntóirí eadránaithe.

Ní fhéadfaidh ach ionadaithe agus comhairleoirí na bpáirtithe dul i dteagmháil leis an bpainéal eadrána.

38. Tráth nach déanaí ná 5 (cúig) lá roimh an dáta éisteachta, seolfaidh gach páirtí chuig an bpainéal eadrána liosta d'ainmneacha na ndaoine a dhéanfaidh argóint nó cur i láthair ó bhéal ag an éisteacht thar ceann an pháirtí sin agus ainmneacha ionadaithe nó comhairleoirí a bheidh ag freastal ar an éisteacht. Féadfaidh páirtí a liosta a mhodhnú tar éis na teorann ama sin, má tá údar cuí leis.

39. Beidh éisteachtaí an phainéil eadrána ar oscailt don phobal, mura gcinnfidh na páirtithe a mhalairt. Beidh éisteachtaí an phainéil eadrána dúnta don phobal go páirteach nó go hiomlán, má tá faisnéis atá ainmnithe ag páirtí mar fhaisnéis rúnda in aighneacht nó in argóintí an pháirtí sin.

40. Déanfaidh an painéal eadrána an éisteacht mar seo a leanas, agus áiritheoidh sé go dtabharfar am comhionann don pháirtí is déantóir gearáin agus don pháirtí is cosantóir:

(a) An argóint:

(i) argóint an pháirtí is déantóir gearáin;

(ii) argóint an pháirtí is cosantóir.

(b) An argóint frisnéise:

(i) freagra an pháirtí is déantóir gearáin;

(ii) frithfhreagra an pháirtí is cosantóir.

41. Féadfaidh an painéal eadrána ceisteanna a dhíriú ar cheachtar den dá pháirtí tráth ar bith le linn na héisteachta.
42. Déanfaidh an painéal eadrána socrú chun go ndéanfar tras- scríbhinn nó taifeadadh fuaimne ar gach éisteacht a ullmhú agus a sheachadadh chuig na páirtithe a luaite is féidir. Féadfaidh na páirtithe barúil a thabhairt maidir le cruinneas na tras-scríbhinne agus féadfaidh an painéal eadrána na barúlacha sin a bhreithniú.
43. Féadfaidh gach páirtí aighneacht fhorlíontach i scríbhinn a sheachadadh chuig an bpainéal eadrána, agus cóip chuig an páirtí eile, maidir le haon ábhar a tháinig chun cinn le linn na héisteachta, tráth nach déanaí ná 10 (deich) lá tar éis dháta na héisteachta.

X. CEISTEANNA I SCRÍBHINN

44. Féadfaidh an painéal eadrána, tráth ar bith le linn na n-imeachtaí, ceisteanna i scríbhinn a dhíriú ar pháirtí amháin nó ar an dá pháirtí agus teorainn ama réasúnach a leagan síos chun a bhfreagraí a chur isteach. Gheobhaidh gach ceann de na páirtithe cóip d'aon cheist a chuirfidh an painéal eadrána ar an bpáirtí eile.
45. Cuirfidh páirtí cóip dá fhreagra i scríbhinn ar cheisteanna an phainéil eadrána ar fáil don pháirtí eile freisin. Tabharfar an deis do gach páirtí barúlacha i scríbhinn a chur ar fáil maidir le freagraí an pháirtí eile tráth nach déanaí ná 7 (seacht) lá tar éis an dáta a gheofar na freagraí sin.

XI. RÚNDACHT

46. Coinneoidh na páirtithe agus a gcomhairleoirí éisteachtaí an phainéil eadrána faoi rún má réachtáiltear na héisteachtaí i seisiún iata, i gcomhréir le Riall 39. Is mar fhaisnéis rúnda a chaithfidh gach páirtí agus a chomhairleoirí le haon fhaisnéis a chuirfidh an páirtí eile faoi bhráid an phainéil, ar fhaisnéis í atá ainmnithe mar fhaisnéis rúnda ag an bpáirtí sin. Má chuireann páirtí leagan rúnda dá aighneachtaí i scríbhinn faoi bhráid an phainéil eadrána, soláthróidh sé freisin, arna iarraidh sin don pháirtí eile, achoimre neamhrúnda ar an bhfaisnéis ina aighneachtaí a d'fhéadfaí a nochtadh don phobal, agus déanfaidh sé sin a luaithe is féidir ach tráth nach déanaí ná 30 (tríocha) lá tar éis dháta na hiarrata nó na haighneachta, cibé acu is déanaí. Ní chuirfidh an Iarscríbhinn seo aon bhac ar pháirtí ráitis faoina sheasaimh féin a nochtadh don phobal ar choinníoll, má tá tagairt á déanamh aige d'fhaisnéis a fuair sé ón bpáirtí eile, nach nochtfaidh sé aon fhaisnéis a fuair sé ón bpáirtí eile ar ainmnigh an páirtí sin gur faisnéis rúnda í.

XII. TEAGMHÁLACHA *EX PARTE*

47. Ní thiocfaidh an painéal eadrána le chéile nó ní dhéanfaidh sé cumarsáid le páirtí in éagmais an pháirtí eile.
48. Ní phléifidh comhalta den phainéal eadrána aon ghné d'ábhar na n-imeachtaí leis na páirtithe gan na headránaithe eile a bheith i láthair.

XIII. FAISNÉIS AGUS COMHAIRLE THEICNIÚIL

49. Tabharfaidh an painéal eadrána fógra do na páirtithe go bhfuil sé ar intinn aige tuairim saineolaithe nó faisnéis a iarraidh ó aon fhoinsé ábhartha. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, leis an tuairim nó leis an bhfaisnéis a fhaightear de bhun na forála seo, ní bhaintear dualgas cruthúnais comhfhreagrach na bpáirtithe uathu.

50. Cuirfidh an painéal eadrána san áireamh an costas a bhaineann le haon iarraidh ar fhaisnéis nó ar thuairim ó shaineolaithe ionas nach méadófar go hiomarcach costais an nós imeachta um réiteach díospóidí.
51. Soláthróidh an painéal eadrána cóip den fhaisnéis nó den tuairim ón saineolaí a fuarthas do na páirtithe agus tabharfaidh sé tréimhse réasúnta ama dóibh chun a mbarúlacha a chur i láthair.

XIV. MIONTEAGAISC *AMICUS CURIAE*

52. Mura gcomhaontóidh na páirtithe a mhalairt laistigh de 5 (cúig) lá ó dháta bunaithe an phainéil eadrána, féadfaidh an painéal eadrána mionteagaisc i scríbhinn gan iarraidh a fháil ó dhaoine nádúrtha leasmhara de chuid Páirtí nó ó dhaoine dlítheanacha atá bunaithe i gcríoch Páirtí agus atá neamhspleách ar rialtas aon cheann de na Páirtithe, má fhaigheann an painéal eadrána iad tráth nach déanaí ná 10 (deich) lá tar éis dháta bunaithe an phainéil eadrána. Gairtear ‘aighneachtaí *amicus curiae*’ anseo feasta de na haighneachtaí sin.
53. Bainfidh na rudaí seo a leanas le haighneachtaí *amicus curiae*:
- (a) beidh siad gonta agus ní bheidh siad níos faide ná 22 500 (dhá mhíle is fiche, cúig chéad) carachtar clóscríofa, lena n-áirítear spásanna, fonótaí, nótaí ag deireadh an téacs agus aon cheangaltán;
 - (b) bainfidh siad go díreach leis an tsaincheist atá á breithniú ag an bpainéal eadrána;
 - (c) beidh tuairisc iontu ar an duine a dhéanann an aighneacht, bíodh sé ina dhuine nádúrtha nó dlítheanach, lena n-áirítear a náisiúntacht nó a áit bhunaíochta, cineál a ghníomhaíochtaí agus, i gcás duine dlítheanach, faisnéis faoina chomhaltaí, a stádas dlíthiúil agus a chuspóirí ginearálta;

- (d) soláthrófar iontu faisnéis maidir le haon fhoirse maoinithe;
- (e) sonrófar iontu cineál an leasa atá ag an duine sna himeachtaí eadrána; agus
- (f) dréachtófar iad sna teangacha a roghnaigh na páirtithe nó in aon cheann de theanga oifigiúla EDT i gcomhréir le Rialacha 56, 57 agus 58.

54. Liostóidh an painéal eadrána ina dhámhachtain na haighneachtaí go léir a fuair sé atá i gcomhréir le Rialacha 52 agus 53. Ní bheidh sé d'oibleagáid ar an bpainéal eadrána aghaidh a thabhairt ina dhámhachtain ar na hargóintí a rinneadh sna haighneachtaí sin. Áiritheoidh an painéal eadrána go mbeidh an deis ag na páirtithe barúil a thabhairt i scríbhinn maidir le haon aighneacht *amicus curiae* roimh dháta na héisteachta. Tabharfaidh páirtí aon bharúil tráth nach déanaí ná 10 (deich) lá tar éis an aighneacht a fháil, agus cuirfidh an painéal eadrána aon bharúil den sórt sin san áireamh.

XV. CÁSANNA PRÁINNEACHA

55. I gcásanna práinne dá dtagraítear i gCaibidil 21, tar éis dó dul i gcomhairle leis na páirtithe, déanfaidh an painéal eadrána na tréimhsí ama dá dtagraítear san Iarscríbhinn seo a choigeartú de réir mar is iomchuí agus tabharfaidh sé fógra do na páirtithe faoi na coigeartuithe sin.

XVI. AISTRIÚCHÁN AGUS ATEANGAIREACHT

56. Le linn na gcomhairliúchán dá dtagraítear in Airteagal 21.5, agus tráth nach déanaí ná an cruinniú dá dtagraítear i Riail 10(e), féachfaidh na páirtithe le teacht ar chomhaontú maidir le teanga oibre choiteann le haghaidh na n-imeachtaí os comhair an phainéil eadrána.

57. Mura féidir leis na páirtithe teacht ar chomhaontú maidir le teanga oibre choiteann, féadfaidh gach páirtí aon cheann dá theangacha oifigiúla a roghnú mar theanga oibre le haghaidh na n-imeachtaí. Mar sin féin, má roghnaíonn páirtí teanga nach teanga oifigiúil de chuid EDT í, soláthróidh sé, tráth an chomhdaithe, leagan aistrithe de na haighneachtaí go léir atá aige i scríbhinn go dtí an teanga a roghnaigh an páirtí eile agus socróidh sé go ndéanfar ateangaireacht ar a chuid aighneachtaí ó bhéal chuig an bpáirtí eile agus ón teanga a roghnaigh an páirtí eile agus íocfaidh sé na costais sin.
58. Eiseofar dámhachtainí eadrána agus rialuithe sa teanga oibre choiteann arna roghnú ag na páirtithe. Mura bhfuil na páirtithe in ann teacht ar chomhaontú maidir le teanga oibre choiteann, eiseofar dámhachtainí an phainéal eadrána agus rialuithe an phainéal eadrána in aon cheann de theangacha oifigiúla EDT arna roghnú ag an bpainéal eadrána. Aon chostas a thabhaítear as an aistriúchán ar dhámhachtain eadrána nó rialú, íocfaidh na páirtithe as ar bhonn cothrom.
59. Féadfaidh aon pháirtí barúlacha a thabhairt maidir le cruinneas an aistriúcháin ar aon leagan aistrithe de dhoiciméad a tarraingíodh suas i gcomhréir leis an Iarscríbhinn seo, agus sin a dhéanamh tráth nach déanaí ná 5 (cúig) lá tar éis dó an t-aistriúchán a fháil.

XVII. NA TRÉIMHSÍ AMA A RÍOMH

60. Faoi réir Riall 2, má chruthaíonn páirtí go bhfuair sé doiciméad ar dháta seachas an dáta a fhaigheann an páirtí eile an doiciméad sin, aon tréimhse ama a ríomhtar ar bhonn an dáta a fuarthas an doiciméad sin, déanfar an dáta sin a ríomh ón dáta deiridh a fuarthas an doiciméad sin.

XVIII. NÓSANNA IMEACHTA EILE

61. Tá an Iarscríbhinn seo infheidhme freisin maidir le nósanna imeachta a bhunaítear faoi Airteagail 21.18 go 21.21. Ina ainneoin sin, déanfar na tréimhsí ama a leagtar síos san Iarscríbhinn seo a choigeartú i gcomhréir leis na tréimhsí ama speisialta a fhoráiltear maidir le glacadh rialaithe ag an bpainéal eadrána sna himeachtaí eile sin.
62. Mura bhfuil an painéal eadrána bunaidh, nó cuid dá chomhaltaí, in ann teacht le chéile arís le haghaidh na nósanna imeachta a bhunaítear faoi Airteagail 21.18, 21.19, 21.20 agus 21.21, beidh feidhm ag na nósanna imeachta a leagtar amach in Airteagal 21.9.

XIX.DÁMHACHTAINÍ EADRÁNA

63. Beidh na mionsonraí seo a leanas sa dámhachtain eadrána, i dteannta aon ghné eile a mheasfaidh an painéal eadrána a bheith iomchuí lena áireamh:
 - (a) sainaitheint na bpáirtithe;
 - (b) ainm gach comhalta den phainéal eadrána agus dáta a bhunaithe;
 - (c) téarmaí tagartha an phainéil eadrána, lena n-áirítear tuairisc ar an mbeart atá i gceist;
 - (d) argóintí gach ceann de na páirtithe;
 - (e) tuairisc ar fhorbairt an nós imeachta eadrána, lena n-áirítear achoimre ar na gníomhaíochtaí a rinneadh;

- (f) tuairisc ar ghnéithe fíorasacha na díospóide;
 - (g) an cinneadh a rinneadh i ndáil leis an díospóid, lena léirítear na forais fhíorasacha agus dhlíthiúla;
 - (h) an dáta eisiúna; agus
 - (i) síniú chomhaltaí uile an phainéil eadrána.
-

CÓD IOMPAIR LE hAGHAIDH COMHALTAÍ DE PHAINÉIL EADRÁNA AGUS
IDIRGHABHÁLAITHE

I. FREAGRACHTAÍ I LEITH AN PHRÓISIS

1. Seachnóidh gach iarrthóir agus eadránaí iompar míchuí agus aon dealramh d'iompar míchuí, beidh siad neamhspleách agus neamhchlaonta, seachnóidh siad coinbhleachtaí leasa díreacha agus indíreacha agus cloífidh siad le hardchaighdeáin iompair ionas go gcaomhnófar sláine agus neamhchlaontacht an tsásra um réiteach díospóidí. Comhlíonfaidh iar-eadránaithe na hoibleagáidí a bhunaítear i míreanna 14, 15, 16 agus 17 den Iarscríbhinn seo.

II. OIBLEAGÁIDÍ MAIDIR LE NOCHTADH

2. Sula ndeimhneofar gur roghnaíodh duine mar eadránaí faoi Airteagal 21.9, nochtfaidh iarrthóir aon leas, aon chaidreamh nó aon ábhar ar dócha go ndéanfaidh sé difear dá neamhspleáchas nó dá neamhchlaontacht nó a d'fhéadfadh cur le dealramh réasúnach go mbeadh iompar míchuí nó claonadh i gceist sna himeachtaí. Chuige sin, déanfaidh iarrthóir gach iarracht réasúnta chun a bheith ar an eolas faoi aon leas, aon chaidreamh nó aon ábhar den sórt sin.
3. Cuirfidh iarrthóir nó eadránaí ábhair a bhaineann le sáruithe iarbhír nó féideartha ar an Iarscríbhinn seo in iúl don Choiste um Thrádáil lena mbreithniú ag na páirtithe.

4. Ach eadránaí a bheith roghnaithe, leanfaidh sé de gach iarracht réasúnta a dhéanamh a bheith ar an eolas faoi aon leas, aon chaidreamh nó aon ábhar dá dtagraítear i mír 3 agus nochtfaidh sé iad. Is oibleagáid leanúnach í an oibleagáid maidir le nochtadh lena gceanglaítear ar gach eadránaí aon leas, aon chaidreamh nó aon ábhar den sórt sin a d'fhéadfadh teacht chun cinn tráth ar bith le linn na n-imeachtaí a nochtadh. Nochtfaidh an t-eadránaí na leasanna, na caidrimh nó na hábhair sin tríd an gCoiste um Thrádáil a chur ar an eolas, i scríbhinn, lena mbreithniú ag na Páirtithe.

III. DUALGAIS NA nEADRÁNAITHE

5. Tar éis dheimhniú a cheapacháin, beidh eadránaí ar fáil chun a chuid dualgas a chur i gcrích agus déanfaidh sé sin go cuimsitheach agus go héifeachtach le linn na n-imeachtaí, lena n-airítear aon imeacht faoi Airteagail 21.18 go 21.21, agus cothromas agus dúthracht á léiriú aige.
6. Is iad na ceisteanna a tarraingíodh aníos le linn an imeachta agus ar gá iad a réiteach chun rialú a dhéanamh, agus na ceisteanna sin amháin, a scrúdóidh eadránaí, agus ní tharmligfidh sé an dualgas sin chuig aon duine eile.
7. Déanfaidh eadránaí gach beart is iomchuí chun a áirithiú go mbeidh a chúntóir agus a fhoireann ar an eolas faoi fhorálacha ábhartha na hIarscríbhinne seo agus go gcomhlíonfaidh siad iad, *mutatis mutandis*.
8. Ní ghlacfaidh eadránaí páirt i dteagmhálacha *ex parte* maidir leis an imeacht.

IV. NEAMHSPLEÁCHAS AGUS NEAMHCHLAONTAUGHT EADRÁNAITHE

9. Beidh eadránaí neamhspleách agus neamhchlaonta agus seachnóidh sé dealramh iompair mhíchuí nó claonta, agus ní bheidh sé faoi thionchar ag féinleas, brú seachtrach, cúinsí polaitiúla, tuairimí an phobail, dílseacht do Pháirtí, nó eagla roimh cháineadh. Ní ghlacfaidh eadránaí treoracha ó aon eagraíocht ná rialtas ná ní bheidh sé cleamhnaithe le rialtas de chuid Páirtí, lena n-áirítear eagraíocht rialtais.
10. Ní rachaidh eadránaí faoi aon oibleagáid ná ní ghlacfaidh sé go díreach ná go hindíreach le haon sochar a chuirfeadh isteach ar aon bhealach ar chomhlíonadh cuí a chuid dualgais, nó a mbeadh an chosúlacht air go gcuirfeadh sé isteach ar chomhlíonadh na ndualgas sin.
11. Ní úsáidfídh eadránaí a phost ar an bpainéal chun aon leas pearsanta nó príobháideach a chur chun cinn agus seachnóidh sé gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh barúil a spreagadh go bhfuil cumas speisialta ag daoine eile tionchar a imirt air.
12. Maidir le caidrimh nó dualgais de chineál airgeadais, gnó, gairmiúil, teaghlaigh, pearsanta ná sóisialta de chuid an eadránaí, áiritheoidh sé nach mbeidh tionchar ag na caidrimh ná ag na dualgais sin ar a iompar ná ar a bhreithiúnas.
13. Seachnóidh gach eadránaí aon chaidreamh a dhéanamh nó aon leas airgeadais a fháil ar dócha go ndéanfaidh sé dochar dá neamhchlaontacht, nó a d'fhéadfadh cur le dealramh réasúnach go mbeadh iompar míchuí nó claonadh i gceist.

V. OIBLEAGÁIDÍ NA nIAR-CHOMHALTAÍ

14. Seachnóidh gach iar-eadránaí gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a thabhairt le fios go raibh siad claonta agus iad ag comhlíonadh a ndualgas nó gur bhain siad buntáiste as an gcinneadh nó as an rialú ón bpainéal eadrána.

VI. RÚNDACHT

15. Ní nochtfaidh aon eadránaí ná aon iar-eadránaí aon fhaisnéis neamhphoiblí tráth ar bith a bhaineann le himeacht nó ar faisnéis í a fuarthas le linn imeachta, ach amháin chun críoch an imeachta sin, agus ní nochtfaidh siad ná ní úsáidfidh siad in aon chor aon fhaisnéis den sórt sin ar mhaithe lena leas féin ná le leas duine eile ná ar mhaithe le haimhleas duine eile.
16. Ní nochtfaidh eadránaí dámhachtain eadrána nó codanna di roimh fhoilsiú na dámhachtana i gcomhréir le hAirteagal 21.14(12).
17. Ní nochtfaidh eadránaí ná iar-eadránaí an plé a bhí ag painéal eadrána, ná aon tuairim ó chomhalta tráth ar bith.

VII. CAITEACHAS

18. Déanfaidh gach eadránaí taifead ar a speansais, agus ar na speansais a chaith a chúntóir agus a fhoireann, agus tabharfaidh sé cuntas críochnaitheach ar an méid sin.

VIII. IDIRGHABHÁLAITHE

19. Na disciplíní a thuairiscítear san Iarscríbhinn seo mar dhisciplíní a bhfuil feidhm acu maidir le headránaithe nó le hiar-eadránaithe, beidh feidhm acu, *mutatis mutandis*, maidir le hidirghabhálaithe agus, más infheidhme, maidir le hiar-idirghabhálaithe.

IX. SAINEOLAITHE

20. Tá feidhm ag na rialacha seo a leanas maidir leis na saineolaithe a n-iarrann an painéal eadrána a dtuairim:
- (a) Nochtfaidh siad aon leas, caidreamh nó ábhar a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá neamhspleáchas nó dá neamhchlaontacht. Gníomhóidh saineolaithe ina gcáil féin agus ní ghlacfaidh siad le treoracha ná ní lorgóidh siad treoracha ó aon rialtas ná eagraíocht maidir lena dtuairim a thabhairt;
 - (b) Ní rachaidh siad i mbun teagmhálacha *ex parte* le linn an imeachta a n-iarrtar a dtuairim ina leith;
 - (c) Ní nochtfaidh siad ná ní úsáidfidh siad aon fhaisnéis neamhphoiblí a fhaightear le linn imeachta a n-iarrtar a dtuairim ina leith, ach amháin chun críoch an imeachta sin, agus ní nochtfaidh siad ná ní úsáidfidh siad in aon chor aon fhaisnéis den sórt sin ar mhaithe lena leas féin ná le leas duine eile ná le haimhleas duine eile;
 - (d) Mura gcomhaontóidh na páirtithe a mhalairt, ní nochtfaidh siad a dtuairim ná codanna di sula bhfoilseofar an dámhachtain eadrána; agus
 - (e) Coinneoidh siad taifead agus tabharfaidh siad cuntas deiridh ar a gcuid speansas.

21. Ag gabháil le tuairimí na saineolaithe a chuirfear faoi bhráid an phainéil eadrána, beidh dearbhú ón saineolaí lena ndeimhnítear go bhfuil sé tiomanta cloí leis na hoibleagáidí a bhfuil tuairisc orthu i mír 20, de réir mar is infheidhme, nó beidh dearbhú roimh na tuairimí sin.

IDIRGHABHÁIL

AIRTEAGAL 1

Cuspóir

Is é is cuspóir don Iarscríbhinn seo é a dhéanamh níos fusa teacht ar réiteach a chomhaontófar go frithpháirteach trí nós imeachta cuimsitheach gasta le cúnaimh ó idirghabhálaí.

AIRTEAGAL 2

Faisnéis a sholáthar

1. Arna iarraidh sin do Pháirtí, déanfaidh an Páirtí eile faisnéis a sholáthar go pras agus freagra a thabhairt ar cheistanna a bhaineann le haon bheart atá ann cheana nó aon bheart a bheartaítear lena ndéantar difear ábhartha d'fheidhmiú an Chomhaontaithe seo.
2. Faisnéis a sholáthraítear faoin Airteagal seo, beidh sí gan dochar do cibé acu atá nó nach bhfuil an beart comhsheasmhach leis an gComhaontú seo.

AIRTEAGAL 3

An nós imeachta idirghabhála a thionscnamh

1. Féadfaidh Páirtí a iarraidh tráth ar bith dul i mbun nós imeachta idirghabhála i ndáil le haon bheart a dhéanann Páirtí, ar beart é a dhéanann sé dochar do thrádáil idir na Páirtithe. Beidh an iarraidh mionsonraithe go leor chun ábhair inní an pháirtí is iarrthóir a chur in iúl go soiléir agus déanfar an méid seo a leanas inti:

- (a) sainaitheofar an beart sonrath atá i gceist;
- (b) éifeachtaí diúltacha líomhnaithe a chreideann an páirtí is iarrthóir atá, nó a bheidh, ag an mbeart ar thrádáil idir na páirtithe, soláthrófar ráiteas maidir leis na héifeachtaí sin; agus
- (c) míneofar conas a mheasann an páirtí is iarrthóir go bhfuil na héifeachtaí sin nasctha leis an mbeart.

2. Ní fhéadfar an nós imeachta idirghabhála a thionscnamh ach le comhaontú frithpháirteach na bpáirtithe. Má dhéantar iarraidh de bhun mhír 1, an páirtí a ndéantar an iarraidh chuige, déanfaidh sé breithniú tuisceanach ar an iarraidh agus déanfaidh sé a fhógra i scríbhinn a sholáthar don pháirtí is iarrthóir, ina nglacfaidh sé léi nó ina ndiúltóidh sé di, agus déanfaidh sé sin laistigh de 10 (deich) lá tar éis dó í a fháil. Seachas sin, measfar an iarraidh a bheith diúltaithe.

3. Níl gá le comhairliúcháin, lena n-áirítear comhairliúcháin faoi Chaibidil 21, sula dtionscnófar an nós imeachta idirghabhála. Mar sin féin, ba cheart do pháirtí, i bprionsabal, leas a bhaint as na forálacha comhair nó comhairliúcháin ábhartha eile dá bhforáiltear sa Chomhaontú seo sula dtionscnaítear an nós imeachta idirghabhála.

AIRTEAGAL 4

An t-idirghabhálaí a roghnú

1. Féachfaidh na páirtithe le teacht ar chomhaontú maidir le hidirghabhálaí tráth nach déanaí ná 15 lá (cúig lá dhéag) tar éis sheachadadh an ghlacktha dá dtagraítear in Airteagal 3(2) den Iarscríbhinn seo.
2. Ní bheidh idirghabhálaí ina shaoránach de chuid ceachtar den dá pháirtí, mura gcomhaontóidh na páirtithe a mhalairt.
3. Mura mbeidh na páirtithe in ann teacht ar chomhaontú maidir leis an idirghabhálaí laistigh den tréimhse ama a leagtar síos i mír 1, féadfaidh ceachtar páirtí a iarraidh ar chomhchathaoirleach Choiste um Thrádáil an pháirtí is iarrthóir, nó ainmní an chomhchathaoirligh, an t-idirghabhálaí a roghnú trí chrannchur ón bhfoliosta a bhunaítear faoi Airteagal 21.8(3)(c). Tabharfar cuireadh d'ionadaithe ón dá pháirtí, le réamhfhógra leordhóthanach, a bheith i láthair nuair a dhéanfar an crannchur. In aon chás, déanfar an crannchur leis an bpáirtí nó na páirtithe a bheidh i láthair.
4. Comhchathaoirleach Choiste um Thrádáil an pháirtí is iarrthóir, nó ainmní an chomhchathaoirligh, déanfaidh sé an t-idirghabhálaí a roghnú laistigh de 5 (cúig) lá ón iarraidh a dhéantar de bhun Airteagal 3(2) den Iarscríbhinn seo.
5. Mura mbeidh an foliosta dá dtagraítear in Airteagal 21.8(3)(c) bunaithe tráth a dhéantar iarraidh de bhun mhír 3, déanfar an t-idirghabhálaí a roghnú trí chrannchur ó na daoine aonair a bheidh molta go foirmiúil ag páirtí amháin nó ag an dá pháirtí.
6. Tabharfaidh an t-idirghabhálaí cúnaimh, ar bhealach neamhchlaonta trédhearcach, do na páirtithe chun soiléireacht a thabhairt don bheart agus do na héifeachtaí trádála a d'fhéadfadh a bheith aige, agus chun teacht ar réiteach a chomhaontófar go frithpháirteach.
7. Tá feidhm *mutatis mutandis* ag Iarscríbhinn 21-B seo maidir le hidirghabhálaithe.

8. Tá feidhm *mutatis mutandis* ag Rialacha 2 go 9 agus ag Rialacha 56 go 59 de na Rialacha Nós Imeachta um Eadráin a leagtar amach in Iarscríbhinn 21-A.

AIRTEAGAL 5

Rialacha an nós imeachta idirghabhála

1. Tráth nach déanaí ná 10 (deich) lá tar éis cheapadh an idirghabhálaí, déanfaidh an páirtí a d'agair an nós imeachta idirghabhála tuairisc mhionsonraithe i scríbhinn ar a ábhair inní a sheachadadh chuig an idirghabhálaí agus chuig an bpáirtí eile, go háirithe maidir le hoibriú an bhirt atá i gceist agus a éifeachtaí trádála. Tráth nach déanaí ná 20 (fiche) lá tar éis an tuairisc sin a fháil, féadfaidh an páirtí eile barúlacha i scríbhinn a sholáthar ar an tuairisc sin. Féadfaidh ceachtar páirtí aon fhaisnéis a áireamh ina thuairisc nó ina bharúlacha a mheasann sé is ábhartha.
2. Féadfaidh an t-idirghabhálaí cinneadh a dhéanamh maidir leis an mbealach is iomchuí chun an beart lena mbaineann, agus na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith aige ar thrádáil, a shoiléiriú. Go háirithe, féadfaidh an t-idirghabhálaí cruinnithe a eagrú idir na páirtithe, dul i gcomhairle leo go comhpháirteach nó go haonarach, agus aon tacaíocht bhreise arna hiarraidh ag na páirtithe a sholáthar. Iarrfaidh an t-idirghabhálaí cúnamh ó shaineolaithe agus páirtithe leasmhara ábhartha, nó rachaidh sé i gcomhairle leo, ar chomhaontú ó na páirtithe.
3. Ní thabharfaidh an t-idirghabhálaí comhairle maidir le comhsheasmhacht an bhirt i gceist leis an gComhaontú seo. Féadfaidh an t-idirghabhálaí comhairle a thairiscint agus réiteach a mholadh lena meas ag na páirtithe. Féadfaidh na páirtithe glacadh leis an réiteach molta nó diúltú dó, nó teacht ar chomhaontú maidir le réiteach éagsúil.
4. Seolfar an nós imeachta idirghabhála i gcríoch an pháirtí ar díriodh an iarraidh chuige, nó le comhaontú frithpháirteach na bpáirtithe, in aon suíomh eile nó ar aon bhealach eile.

5. Féachfaidh na páirtithe le teacht ar réiteach comhaontaithe ar bhonn frithpháirteach tráth nach déanaí ná 60 (seasca) lá tar éis cheapachán an idirghabhálaí. Go dtí go dtiocfar ar chomhaontú críochnaitheach, féadfaidh na páirtithe réitigh eatramhacha a d'fhéadfadh a bheith ann a mheas, go háirithe má bhaineann an beart le hearraí meatacha, nó le hearraí nó seirbhísí eile a chailleann a gcáilíocht go tapa.

6. Féadfar an réiteach a ghlacadh trí chinneadh ón gCoiste um Thrádáil. Féadfaidh tabhairt i gcrích an réitigh arna chomhaontú go frithpháirteach idir na páirtithe a bheith faoi réir aon nós imeachta inmheánach is gá a thabhairt chun críche. Déanfar réitigh arna gcomhaontú go frithpháirteach a chur ar fáil go poiblí gan faisnéis a bheith ann atá ainmnithe mar fhaisnéis rúnda ag páirtí.

7. Arna iarraidh sin do na páirtithe, soláthróidh an t-idirghabhálaí dréacht-tuarascáil fhíorasach do na páirtithe, ina soláthrófar achoimre ghairid ar an mbeart atá i gceist, ar na nósanna imeachta a leanadh agus ar aon réiteach arna chomhaontú go frithpháirteach, lena n-áirítear réitigh eatramhacha a d'fhéadfadh a bheith ann. Ceadóidh an t-idirghabhálaí 15 lá (cúig lá dhéag) do na páirtithe chun barúil a thabhairt ar an dréacht-tuarascáil. Tar éis barúlacha na bpáirtithe a fuarthas laistigh den tréimhse sin a mheas, déanfaidh an t-idirghabhálaí, laistigh de 15 lá (cúig lá dhéag), tuarascáil fhíorasach chríochnaitheach a chur ar fáil do na páirtithe. Ní bheidh aon léirmhíniú ar an gComhaontú seo san áireamh sa tuarascáil fhíorasach.

8. Déanfar an nós imeachta a fhoirceannadh tríd an méid seo a leanas:

- (a) glacadh réitigh arna chomhaontú go frithpháirteach ag na páirtithe, dáta a ghlactha;
- (b) comhaontú frithpháirteach na bpáirtithe ag aon chéim den nós imeachta, dáta an chomhaontaithe sin;
- (c) dearbhú i scríbhinn ón idirghabhálaí, tar éis dó dul i gcomhairle leis na páirtithe, nach mbeadh maith ar bith in iarrachtaí breise idirghabhála, dáta an dearbhaithe sin; nó

- (d) dearbhú i scríbhinn ó pháirtí tar éis réitigh arna gcomhaontú go frithpháirteach a fhiosrú faoin nós imeachta idirghabhála agus tar éis aon chomhairle agus réiteach molta ón idirghabhálaí a mheas, ar dháta an dearbhaithe sin.

AIRTEAGAL 6

Réiteach arna chomhaontú go frithpháirteach a chur chun feidhme

1. I gcás ina dtiocfaidh na páirtithe ar chomhaontú maidir le réiteach, déanfaidh gach páirtí na bearta a mheasann sé a bheith riachtanach chun an réiteach arna chomhaontú go frithpháirteach a chur chun feidhme laistigh den tréimhse ama a chomhaontaítear.
2. Tabharfaidh an páirtí cur chun feidhme fógra i scríbhinn don pháirtí eile faoi aon chéim nó beart a rinneadh chun an réiteach arna chomhaontú go frithpháirteach a chur chun feidhme.

AIRTEAGAL 7

Rúndacht

Mura gcomhaontóidh na páirtithe a mhalairt, agus gan dochar d'Airteagal 5(6), beidh na céimeanna uile den nós imeachta rúnda, lena n-áirítear aon chomhairle nó réiteach molta. Mar sin féin, féadfaidh gach páirtí a nochtadh don phobal gurb amhlaidh atá idirghabháil ar bun.

AIRTEAGAL 8

Gaol le nósanna imeachta um réiteach díospóidí

1. Tá an nós imeachta idirghabhála gan dochar do chearta nó d'oibleagáidí na bPáirtithe faoi na nósanna imeachta um réiteach díospóidí sa Chomhaontú seo, nó faoi aon chomhaontú eile.
2. Ní bhraithfidh páirtí ar an méid seo a leanas, ná ní thabharfaidh sé an méid seo a leanas isteach mar fhianaise; i nósanna imeachta eile um réiteach díospóidí faoin Iarscríbhinn seo, ná in aon chomhaontú eile, ná ní chuirfidh painéal an méid seo a leanas san áireamh:
 - (a) seasaimh arna nglacadh ag an bpáirtí eile le linn an nós imeachta idirghabhála nó faisnéis arna bailiú faoi Airteagal 5;
 - (b) gurb amhlaidh a léirigh an páirtí eile go bhfuil sé toilteanach glacadh le réiteach ar an mbeart faoi réir idirghabhála; nó
 - (c) comhairle arna tabhairt nó tograí arna ndéanamh ag an idirghabhálaí.
3. Ní fheidhmeoidh idirghabhálaí mar chomhalta de phainéal i nósanna imeachta um réiteach díospóidí faoin gComhaontú seo ná faoi Chomhaontú EDT, ná faoi aon chomhaontú eile ar páirtithe ann na Páirtithe, ar painéal é lena mbaineann an t-ábhar céanna a raibh sé nó sí ina idirghabhálaí nó ina hidirghabhálaí ina leith.